


Tuarascáil Bhliantúil



2012

Shármhaitheas

Nuálaíocht

Cruithaitheacht



Coimisiún Forbartha an Iarthair
Teach Diolúin, Bealach an Doirín,
Contae Ros Comáin, Éire.

Guthán: +353 (0) 94 9861441

Facs: +353 (0) 94 9861443

Ríomhphost: info@wdc.ie

Suíomhanna Gréasáin: www.wdc.ie www.LookWest.ie

CLÁR ÁBHAR

Réamhrá an Chathaoirligh	2
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	3
Réamhrá	5
Cuid 1: Forbairt Chothromaithe Réigiúnach	9
Cuid 2: Na buntáistí a bhaineann le cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn	17
Cuid 3: Forbairt Tuaithe	21
Cuid 4: Ciste Infheistíochta WDC	27
Cuid 5: Seirbhísí Corparáideacha	31
Aguisíní	35
Ráiteas Airgeadais 201	39
Giorrúcháin	61



RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Cuirtear deis úsáideach i láthair sa tuarascáil bhliantúil chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht eagraíochta agus chun a gnóthachtálacha a thomhas i gcoinne a cuspóirí straitéiseacha. Tá aidhmeanna straitéiseacha WDC le haghaidh na tréimhse 2010 go 2012 leagtha amach ar leathanach 8 den tuarascáil seo agus is féidir a fheiceáil go gasta go ndearnadh dul chun cinn suntasach sna haschuir le linn 2012 faoi gach ceannteideal.

Mar shampla, faoi *‘To inform policy-making...’* lean an Coimisiún dá thaifead maidir le hanailís mhionsonraithe a dhéanamh ar shonraí ábhartha agus tháirg sé líon tuarascálacha tábhachtacha. Ina measc siúd bhí *Connecting the West: Next Generation Broadband in the Western Region*. (An tlarthar a Nascadh: Leathanbhanda den Chéad Ghlúin Eile i Réigiún an Iarthair). Is píosa tábhachtach oibre é an tuarascáil agus cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go gcaitear go cóir le Réigiún an Iarthair san infheistíocht atá beartaithe i leathanbhanda. Beidh sé sin riachtanach má tá an réigiún le dul san iomaíocht ar théarmaí comhionanna le réigiúin eile maidir le tionscail a mhealladh in áiteanna ina bhfuil cumarsáid ardluais rithábhachtach. Thar an gcéad chúpla mí eile déanfaidh an Coimisiún a dhícheall na moltaí sa tuarascáil a chur i bhfeidhm. Thar ceann mo chomhghleacaithe boird, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don ghairmiúlacht lena ndearna Deirdre Frost taighde maidir leis an tuarascáil agus lenar tháirg sí an tuarascáil.

Tá ag éirí go han-mhaith fós lenár suíomh Gréasáin www.LookWest.ie maidir le ceann eile dár n-aidhmeanna straitéiseacha a bhaint amach. *‘Na buntáistí a bhaineann le cónaí, oibríú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn’*. Tugadh os cionn milliún cuairt ar an suíomh cheana agus tá roinnt ardghradam buaite ina leith. Forbraíodh cainéil mheán sóisialta agus tá úsáid leathan á baint as an suíomh ag grúpaí pobail chun a ngníomhaíochtaí a chur

chun cinn. Cuireadh an foshuíomh Re:Connect leis an suíomh le déanaí. Anseo, spreagtar cur chun cinn agus forbairt nasc cómhalartach idir gnóthais i Réigiún an Iarthair agus gnóthais thar lear. Cé go bhfuil an tionscnamh seo ag céim luath, tá fiosruithe faighte ó os cionn 200 gnóthas. Chláraigh beagnach 4,000 duine a scileanna ar an suíomh agus léirigh siad suim a dhul ag obair sa réigiún. Táimid faoi chomaoín ag Joanne Grehan agus Mary Keaveney as an scleondar agus as an díograis a chuir siad isteach sa tasc seo.

Faoinár sprioc *‘...forbairt an gheilleagair tuaithe...’* rinneadh tuilleadh dul chun cinn faoi na cláir RASLRES agus an Iarthair Chruthaithigh. Clár AE a bhí in RASLRES arna bhainistiú go rathúil faoi WDC ag Bernadette Phelan sular fhág sí agus ag Helen McHenry thar ceann WDC le comhpháirtithe in Albain, sa tSualainn agus i dTuaisceart Éireann. I measc na bpríomhthorthaí ón gclár bhí an infheistíocht €10m i 10 bhfiontar nua agus cruthú 42 post nua lánaimseartha, agus meastar go méadófar é sin go 220 post thar an gcéad trí bliana eile. Lean an rath faoi chlár an Iarthair Chruthaithigh sa bhliain atá faoi athbhreithniú, lena ndearbhaítear cinneadh an Choimisiúin tuilleadh díriú ar an earnáil seo le haghaidh cruthú post. Sa chéad chéim eile den chur i bhfeidhm beidh an WDC ag obair le hInstitiúid Whitaker, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chun deiseanna faoi mhaoirseacht Pauline White a easpórtáil.



RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Táthar ag súil go mbeidh fás iontach 17,000 post san earnáil faoi 2020. Ba ag Ian Brannigan a bhí an smaoineamh iontach deiseanna post a lorg in earnáil na cruthaitheachta agus leanann sé den tionscnamh a spreagadh le díograis agus fuinneamh aon-aigeanta.

Cé go bhfuil gach ceann dár n-aidhmeanna straitéiseacha tábhachtach, is cosúil gurb é, **‘Chun riosca caipitil a sholáthar...’** an phríomhaidhm. Soláthraítear an cuspóir trí chistí a íoc amach ó Chiste Infheistíochta an Iarthair. Tarmligeadh an fhreagracht as an tasc sin ar Gillian Buckley a bhfuil, in éineacht le John Allen, Geraldine McLoughlin, Claire Normanly agus Fiona Regan, agus trí bhainistíocht stuama, ciste leantach déanta aici de anois agus iasachtaí aisíochta ath-infheistithe sa réigiún. Go dtí seo tá beagnach €40m infheistithe i 96 cuideachta, ina bhfostaítear 1,600 duine faoi láthair. Léirítear i bpríomhthorthaí gur íoc cuideachtaí punainne WDC €43m san iomlán in 2012 i dtuarastail agus pána, a ndeachaigh €11.8 milliún de ar ais chuig an státchiste náisiúnta i gcánacha párolla. Tá an Coimisiún fíorbhuíoch do bhaill Phainéal Comhairleach an Chiste a thugann a gcuid ama agus a gcuid saineolais ar bhonn deonach go hiomlán. Bhí sárthaispeántas na gcuideachtaí a fhaigheann cúnamh ón WDC a tionóladh i gColáiste Ríoga na Lianna, Baile Átha Cliath agus a d’oscail an Taoiseach, Enda Kenny, T.D. ar cheann de na buaicphointí in 2012.

Agtabhairt tacaíocht riaracháin do na gníomhaíochtaí uile a luadh thuas agus rannpháirteach go gníomhach san fhoireann seo i nGnóthaí Corparáideacha tá Paul Keyes, Marie Duffy agus Caroline Coffey a bhfuil maoirseacht á déanamh acu fós ar ár gcúigiú n-aidhm straitéiseach.

Go hachomair, feictear WDC, agus is ceart sin, mar lárionad náisiúnta agus idirnáisiúnta saineolais i bhforbairt réigiúnach, i dtáirgeadh agus in úsáid acmhainní bithfhuinnimh, in infheistíocht caipitil riosca éifeachtach, i mbeartas a chur in iúl trí anailís ardcháilíochta, agus i ndea-rialachas corparáideach.

Eagraíocht bheag ach an-dinimiciúil agus an-solúbtha is ea WDC, a bhfuil sé d’ádh air foireann ard-spreagtha agus ghairmiúil a bheith aige. Ní mór an-chreidiúint a thabhairt dár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhach a choinnigh meanma na foirne ard agus a bhain méadú ar an táirgiúlacht amach le hacmhainní laghdaithe.

Tá a lán dúshlán le sárú ag an mbord sa bhliain atá amach romhainn ach beidh sé ina thosaíocht go mbeimid ag teacht le tiomantas agus saineolais ár bhfoirne agus a chur ina luí ar an rialtas go bhfuil gá absalóideach ann le dóthain foirne a bheith againn chun leanúint den fhás geilleagrach a spreagadh sa réigiún. I measc saincheisteanna tábhachtacha eile a bheidh ann beidh an bonneagar aeir, iarnróid agus bóithre sa réigiún a choinneáil agus a fheabhsú agus ár n-ionchur sa Choimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch Limistéir Thuaithe (CEDRA) agus ár rannpháirtíocht leis.



A handwritten signature in black ink that reads 'Paddy McGuinness'.

Paddy McGuinness
Cathaoirleach

TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Go traidisiúnta d'fhéach WDC dá shainchúram a chomhlíonadh trína láidreachtaí i bhforbairt réigiúnach, i mbeartas, agus i rochtain ar shaineolas airgeadais a úsáid chun acmhainneacht fáis don réigiún a shainiú agus ansin réitigh a phríomhshruthú laistigh de na comhlachtaí stáit móra atá ann cheana.

Le déanaí, áfach, rinne WDC an straitéis seo a mhéadú trí chur chuige níos díri a ghlacadh maidir leis na smaointe fáis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go díreach le comhlachtaí réigiúnacha cuí agus le páirtithe leasmhara móra. Mar thoradh air sin tá an toradh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ag baint lenár sainchúram. Dá bhrí sin in 2013 tá cur chuige maoinithe, foinsithe againn maidir leis na céadta post a choinneáil agus a chruthú laistigh de Réigiún an Iarthair. Tá WDC ag féachaint anois leis an bhfostaíocht réigiúnach agus an fás fiontraíochta a spreagadh tríd an réigiún a nascadh ar bhonn inmheánach agus idirnáisiúnta le hacmhainní agus le margáí araon. Tá oiriúnú á dhéanamh againn agus táimid ag féachaint le tiomantas an athraithe sin a stiúradh; go deimhin, measaimid go bhfuil sé tábhachtach d'fhreagracht an stáit do na dúshláin reatha go ndéanaimid príomhshócmhainní idirnáisiúnta ár réigiúin a ghíaráil.

Táimid ag obair inniu le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun fás fiontraíochta a spreagadh sna seacht bpríomhréimse seo a leanas:

- Gilleagar cruthaitheach
- Turasóireacht réigiúnach
- Rochtain ar mhaoiniú
- Fuinneamh in-athnuaite
- Diaspóra a bheith rannpháirteach
- An Réigiún a chur chun cinn
- Léargas agus anailís ar bheartas réigiúnach.

Trí chláir spreagtha dhírigh agus trí chur chun cinn agus nascadh neamhdhíreach an chumais réigiúnaigh, bhaineamar, in éineacht le comhpháirtithe réigiúnacha, na príomhthorthaí seo a leanas amach faoi 2012: Coinníodh agus cruthaíodh 1,899 post agus bhí €11.3m ar fáil i leith infheistíochta i bhfás post réigiúnach agus fiontraíochta réigiúnaí sa bhliain.

Ag breathnú ar aghaidh is é ár bhfís luas suntasach a chur leis an bhfás sin ag baint leas as tionscnaimh mhaoinithe. Déantar saineolas agus acmhainní AE a ghíaráil ina lán de na tionscnaimh sin. Lena chois sin, tá WDC ag cuimsiú phríomhthéamaí an AE2020, Cliste, Cuimsitheach, Inbhuanaithe agus Rialachas go méid áirithe, laistigh dá phlean chun fíis réigiúnach 2020 a réadú. Ar an iomlán táthar ag súil ón 1,899 post inniu go bhféachfar inár n-iarrachtaí le comhpháirtithe réigiúnacha, náisiúnta agus (trí thacaíocht an AE) idirnáisiúnta 19,000 eile a bhaint amach laistigh den réigiún forimeallach seo faoi 2020. Tá an dóigh a ndéanaimid é sin bunaithe ar éiteas ardchomhoibríoch, leis na húdaráis áitiúla, le páirtithe leasmhara réigiúnacha agus go deimhin leis an AE a bheith riachtanach maidir lenár n-iarrachtaí a aistriú go haschuir fiontraíochta agus fostaíochta.

TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

In 2012 lainseáil WDC cúig thionscnamh nua um fhás post, atá deartha chun cuidiú praiticiúil a thabhairt do ghnóthais agus do dhaoine aonair chun gnó a bhunú nó a fheabhsú anseo nó chun iad a mhealladh chun gnó a dhéanamh anseo. Ina measc siúd bhí:

- Áireamhán Bithfhuinnimh ar líne Raslres (www.raslres.eu)
- Ciste Micri-lasachta na dtionscal cruthaitheach (€1m thar trí bliana)
- Plean margaíochta um thurasóireacht réigiúnach (€1.4 san iomlán)
- Clár diaspóra RE:CONNECT – ag nascadh gnó leis an réigiún
- Clár fás easpórtála AE an Fhaobhair Chruthaithigh - easpórtálacha a spreagadh (€1.2m san iomlán)

Mar thoradh ar phríomhfhorbairtí eile le chéile amhail an meabhrán tuisceana (MOU) a síníodh le Comhairle Cheardaíochta na hÉireann, agus le suíomh straitéiseach WDC laistigh den Choimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch Limistéir Thuaithe arna stiúradh ag Teagasc, agus lainseáil na tuarascála maidir leis an *Leathanbhanda den Chéad Ghlúin Eile* i mí na Nollag, rinneadh

feabhas suntasach ar chumas na heagraíochta a sainchúram um fhás post a chomhlíonadh agus í féin a chur in áit mhaith mar eagraíocht forbartha réigiúnaí atá féintuilleamaíoch agus ábalta.

Dá réir sin meastar go bhfuil buaicphointe bainte amach ag WDC agus tá sé réidh le haghaidh fáis amach anseo anois.

Gabhaim fíorbhuíochas le foireann WDC agus leis na comhpháirtithe réigiúnacha, a bhfuil cuidiú tugtha acu ar fad dúinn chun na torthaí sin a bhaint amach do Réigiún an Iarthair.


Le dea-mhéin,



Ian Brannigan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (A)



RÉAMHRÁ



RÉAMHRÁ



Baill an WDC

Ár bhFís

Bheith ina mhol d'fhorbairt straitéiseach gheilleagrach agus shóisialta Réigiún an Iarthair.

Ár Misean

Cuirfidh WDC le poitéinseal iomlán Réigiún an Iarthair a uasmhéadú d'fhonn ardaidhmeanna geilleagracha, sóisialta agus cultúrtha shaoránaigh Réigiún an Iarthair a chur i bhfeidhm.

Feidhmeanna WDC

Is é príomhfheidhm WDC forbairt gheilleagrach agus shóisialta Réigiún an Iarthair a chur chun cinn. Dírítear go háirithe ar earnálacha táirgeachta, ar bhonneagar agus ar phobail thuaithe an réigiúin. Oibríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) chun a chinntiú go meastar leasanna Réigiún an Iarthair ag na leibhéil is airde sa rialtas.

Tá WDC freagrach as bainistiú agus as riarachán Chiste Infheistíochta WDC. Tugann an ciste tiomanta seo aghaidh ar an mbearna mhaoinithe atá le sárú ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (SMEanna) agus fiontair shóisialta sa réigiún trí chaipiteal riosca, cothromas agus iasachtaí a sholáthar ar bhonn tráchtála.




Struchtúr WDC

Tá 12 comhaltaí ar WDC a cheap an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (féach Aguisín 1 maidir le ballraíocht 2012).

Faigheann WDC tacaíocht ó fheidhmeannach tiomanta atá lonnaithe i dTeach Diolúin, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin. Tá foireann lárnach bhuan de 12 bhall againn, ag a bhfuil saineolas in anailís bheartas, forbairt réigiúnach agus tuaithe, infheistíocht agus riarachán.

Sa mhullach air sin, faighimid tacaíocht ó phainéil chomhairleacha (Féach larscríbhinn 2) agus ionadaithe ó na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha le cuidiú linn lenár gcuid tionscadail éagsúla.

Struchtúr na hEagraíochta




Aidhmeanna Straitéiseacha WDC 2010-2012

- Bonn eolais a chur faoi cheapadh beartais ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún an Iarthair trí anailís ardchaighdeán.
- Na buntáistí a bhaineann le cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn.
- Forbairt ar gheilleagar tuaithe a spreagadh bunaithe ar fhorbairt inbhuanaithe láidreachtaí agus acmhainní Réigiún an Iarthair.
- Caipiteal riosca a sholáthar do SMEanna agus d'fhiontair shóisialta agus iad ag tosú amach nó ag fairsingiú trí Chiste Infheistíochta WDC (WIF).
- CFI a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil éifeachtach.



CUID I:



FORBAIRT CHOTHROMAITHE RÉIGIÚNACH

FORBAIRT CHOTHROMAITHE RÉIGIÚNACH


Bonn eolais a chur faoi cheapadh beartais ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún an Iarthair trí anailís ardchaighdeán.

Anailís Shocheacnamaíoch

Daonáireamh 2011

Foilsíodh na torthaí deiridh ó Dhaonáireamh 2011 le linn 2012. Rinne WDC anailís mhionsonraithe ar na torthaí sin agus leanfaidh sé ag déanamh amhlaidh in 2013. Rinne WDC tuarscáil ar na príomhthorthaí déimeagrafacha agus ar an daonra i Réigiún an Iarthair, agus is féidir í a íoslódáil ó shuíomh gréasáin WDC: (<http://www.wdc.ie/publications/reports-and-papers/reports2012/>). Rinneadh anailís mhionsonraithe ar shonraí an áirimh fhostaíochta chomh maith. Is iad seo a leanas cuid de na príomhthorthaí ó Dhaonáireamh 2011 do Réigiún an Iarthair:

Líon iomlán an daonra i Réigiún an Iarthair, Daonáireamh 2011.



Léarscáil a fuarthas ó Mhodúil Léarscáilíthe AIRO/WDC
http://www.airo.ie/mapping-module/atlas/Western_Development_Commission/view

- In 2011, ba ionann líon iomlán an daonra i Réigiún an Iarthair agus 820,880. Ba mhéadú 7.7% é sin ó 2006, a bhí ábhairín níos ísle ná meán an stáit d'fhás 8.2%.
- Ó 2006 bhí an ráta fáis ab airde maidir leis an daonra sa réigiún i gCo. na Gaillimhe (10.0%) agus bhí an ráta fáis ab ísle maidir leis an daonra i gCathair na Gaillimhe (4.3%).
- Tá a lán de Réigiún an Iarthair faoin tuath agus 64.9% dá dhaonra ina gcónaí lasmuigh de bhailte agus tá daonra 1,500 nó níos mó, i gcomparáid le 32.1% go díreach sa chuid eile den stát. As na contaetha ar fad sa stát bhí an sciar is mó cónaitheoirí tuaithe i Liatroim, i Ros Comáin, i nDún na nGall agus i Maigh Eo.
- Bhí an fás is láidre ar an daonra ó bhí 2006 ann i mbailte meánmhéide sa chatagóir mhéide 3,000-4,999. Go ginearálta, bhí rátaí fáis níos mó ar an daonra i mbailte beaga (1,500-4,999 duine) ná a bhí sna bailte móra (5,000 nó os cionn sin).
- In 2011 bhí 310,519 duine ag obair i Réigiún an Iarthair agus bhí 78,349 duine dífhostaithe. Cónaíonn 17.2% de na daoine ar fad sa tír atá ag obair sa réigiún ach tá sciar (18.4%) na ndaoine atá dífhostaithe ann níos airde.
- Is iad na hearnálacha fostaíochta is mó i Réigiún an Iarthair an earnáil Mhiondíola, Tionscail, Sláinte, Oideachais, Talmhaíochta, agus Seirbhís Cóiríochta agus Bia.

Ioncaim na gContaetha agus an OTI Réigiúnach 2009

Le linn 2012 d'eisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh staitisticí le haghaidh na bliana 2009 maidir le hioncam tí ar leibhéal contae agus OTI réigiúnach. Ba iad sin na chéad sonraí ina léiríodh tionchar an chúlaithe, agus laghdúithe in ioncam indiúscartha ar fud na tíre ar fad a bhí contrártha le 2008 nuair a bhí ioncaim fós ag fás. Rinne WDC anailís ar na figiúirí do Réigiún an Iarthair agus is iad seo a leanas cuid de na príomhthorthaí a fuarthas:

- Ba é €19,788 an meánioncam indiúscartha in aghaidh an duine i Réigiún an Iarthair in 2009 (€21,167 in 2008).
- Ba ionann an tOll-bhreislúach¹ ag Bunphraghsanna² in aghaidh an duine i réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair³ in 2008 agus €22,578, laghdú €3,396 (13%).

Anailís Earnála Réigiúnach

Rinne WDC anailís earnála réigiúnach ar an bhfostaíocht agus ar an bhfiontraíocht i Réigiún an Iarthair le linn 2012. Soláthraítear léargas san anailís ar struchtúr earnála Réigiún an Iarthair agus tá mionsonraí inti ar phróifíilí aonair 15 earnáil eacnamaíocha. Is é an cuspóir tuiscint chríochnúil a sholáthar maidir le staid reatha agus feidhmíocht le déanaí an réigiúin i dtaca le hearnálacha éagsúla, agus láidreachtaí agus réimsí deiseanna réigiúnacha a shainiú.



Bonneagar

Tá gá le bonneagar ardchaighdeán chun tacú le forbairt gach réigiúin. Tá dea-nascacht bhonneagair ina fachtóir tábhachtach agus an suíomh le haghaidh infheistíocht dúchais agus coigríche araon á roghnú, mar aon le tacú le dea-cháilíocht beatha cónaitheoirí.

Teileachumarsáid

In 2012 d'fhoilsigh WDC *Connecting the West: Next Generation Broadband in the Western Region* (an tIarlthar a Nascadh: Leathanbhanda den Chéad Ghlúin Eile i Réigiún an Iarthair). Aithníonn an rialtas an bonneagarteileachumarsáide agus an leathanbhanda den chéad ghlúin eile mar cheann den roinnt réimsí tosaíochta i leith infheistíochta thar an gcéad chúpla bliain eile. Níos luaithe in 2012 d'fhoilsigh an rialtas a Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, ina gcuimsítear spriocanna leathanbhanda atá le baint amach thar na blianta amach romhainn. Ag aithint an tábhacht a bhaineann le suíomh Réigiún an Iarthair chun

tairbhe a bhaint as an infheistíocht atá le teacht (idir poiblí agus príobháideach araon) déantar measúnú in *Connecting the West: Next Generation Broadband in the Western Region* (an tIarlthar a Nascadh: Leathanbhanda



¹ Tomhas is ea Oll-bhreislúach ag Bunphraghsanna de luach na n-earraí agus na seirbhísí a tháirgtear sa réigiún (lúide na hábhair agus na seirbhísí a úsáidtear agus a thagann as lasmuigh den réigiún), praghsáilte ag an luach a fuair an táirgeoir lúide cánacha ar bith atá iníoctha móide fóirdheontais infhála ar bith mar thoradh ar a dtáirgeadh nó a ndíolachán.

² Úsáidtear Oll-bhreislúach ag Bunphraghsanna ar fud na tuarascála seo (seachas Oll-bhreislúach ag Costas Fachtóra).

³ Níl figiúirí Oll-bhreislúacha ar fáil ar leibhéal contae. Tá siad ar fáil ar leibhéal réigiúnach NUTS III (réigiún na Teorann, Lár Tíre, agus an Iarthair) agus NUTS II (réigiún na Teorann, Lár Tíre agus Iarthair, réigiún an Deiscirt agus an Oirthir).

den Chéad Ghlúin Eile i Réigiún an Iarthair) ar an soláthar leathanbhanda reatha i Réigiún an Iarthair agus tá moltaí ann maidir le cur i bhfeidhm forleathan na seirbhísí den chéad ghlúin eile nach gcuirfear seirbhísí eile ina n-ionad amach anseo a chinntiú.

Tá sé 10 mbliana ó d'fhoilsigh WDC an tuarascáil, *Update on Telecommunications in the Western Region* (Nuashonrú ar an Teileachumarsáid i Réigiún an Iarthair) (2002), agus tá an-athrú tagtha ar chur i bhfeidhm riachtanais teicneolaíochta agus leathanbhanda na hearnála fiontraíochta ó shin. Ag an tráth sin, ní raibh tionchar an leathanbhanda ar fhorbairt na fiontraíochta ach ag teacht chun cinn; anois meastar go bhfuil sé ríthábhachtach d'fhorbairt na fiontraíochta agus go bhfuil sé ina uirlis an-luachmhar chun tacú le fostaíocht réigiúnach agus tuaithe. In *Connecting the West: Next Generation Broadband in the Western Region* (an tIarthar a Nascadh: Leathanbhanda den Chéad Ghlúin Eile i Réigiún an Iarthair) déantar athbhreithniú ar a lán de na cás-staidéir ar fhiontraíocht a bhí i gcéad tuarascáil WDC maidir le Teileachumarsáid agus déantar scrúdú ann ar an dóigh a bhfuil athrú tagtha ar riachtanais Teileachumarsáide gnóthas. Beidh cur i bhfeidhm an leathanbhanda den chéad ghlúin eile tábhachtach maidir le forbairt na fiontraíochta a thacú ar feadh blianta atá le teacht. Scaipeadh an tuarascáil go forleathan ar na páirtithe leasmhara uile agus táthar le leanúint de thuilleadh oibre maidir leis na riachtanais infheistíochta a chur in iúl.



An Bonneagar Aeir

Tá rochtain aeir idirnáisiúnta an-tábhachtach do gheilleagar oileáin agus tá tábhacht ar leith ag baint léi chun daoine i gceantair gheografach iargúlta amhail Iarthar na hÉireann a nascadh. Tá an rochtain aeir idirnáisiúnta a sholáthraítear ag Aerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire agus Aerfort Dhún na nGall tábhachtach chun nascacht idirnáisiúnta le margaí sa Ríocht Aontaithe agus ar mhórthír na hEorpa agus níos faide i gcéin a chinntiú.

Cuireann WDC fáilte roimh fhógra an rialtais maidir le Páipéar Glas um Beartas Eitlíochta d'Éirinn a fógraíodh i dtús mhí na Nollag 2012. Leis sin, soláthrófar creat beartais soiléir maidir le beartas eitlíochta, ag cinntiú gur féidir an acmhainneacht don earnáil a uasmhéadú.

Bonneagar Iarnróid

I mí Feabhra, ghlac WDC páirt i gComhdháil Iarnróid Éireann dar teideal Fís Iarnróid 2030, ina ndearnadh scrúdú ar thodhchaí an iompair iarnróid in Éirinn. Laineáil an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt tuarascáil arna coimisiúnú ag Iarnród Éireann, ina gcuirtear clár infheistíochta molta i láthair thar thrí chéim. Déantar an cás sa tuarascáil le haghaidh leictirí fadtéarmach phríomhchodanna an ghréasáin agus le haghaidh an ghá le hamanna turais a laghdú chun dul san iomaíocht le feabhsuithe sa ghréasán bóithre. Moltar sa tuarascáil gan línte iarnróid réigiúnacha ar bith a fhorbairt ach meastar ann go dteastaíonn tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar líne Bhaile Átha an Rí- Thuama.

Tá moladh sa tuarascáil chomh maith maidir le saoráid deontas státchiste d'fhiontair, agus d'Iarnród Éireann chun tacú le tionscadail lasta nua lena ngabhfaidh toradh eacnamaíoch soiléir. Tá an toirt lasta iarnróid is mó sa tír i mBéal an Átha, Co. Mhaigh Eo. Tá toirteanna lasta iarnróid ag fás agus tá éileamh níos soiléire ann maidir le seirbhísí lasta iarnróid ón tionscal. Tá sé sin curtha in iúl ag Grúpa Lasta Iarnróid na hÉireann, ar a bhfuil WDC ina bhall. Tá lasta iarnróid ar cheann de na gnéithe um ghiniúint ioncaim is láidre i ngnó Iarnród Éireann.

Gás Nádúrtha

Bhuail WDC leis an Aire Rabbitte an 21 Márta 2012 chun na tairbhí a bhaineann le bonneagar gáis nádúrtha don lathuaisceart a thabhairt chun suntais. Thug WDC mionsonraí maidir leis na torthaí a foilsíodh in *Cén fáth a nlnfheisteofa i nGás? Tairbhí Bonneagar Gáis Nádúrtha don lathuaisceart* agus chuir sé béim ar an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht phoiblí sa phríomhbhonneagar seo. D'fhreastaíl an Dr Seosamh Ó Ceallaigh, an tUasal Ian Brannigan agus an Dr Helen McHenry air.

Leasú ar Earnáil na Seirbhísí Uisce


D'fhoilsigh an tAire Hogan Páipéar Comhairliúcháin ar bhunú fóntas poiblí uisce agus ar mhaoiniú seirbhísí uisce amach anseo. D'iarr an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) tuairimí maidir le forbairt plean feidhmiúcháin maidir leis an bhfóntas poiblí uisce agus maidir leis an gcur chuige beartaithe i dtaca le maoiniú seirbhísí uisce amach anseo, lena n-áirítear táillí uisce.

Rinne WDC aighneacht ghairid leis an gcomhairliúchán seo an 24 Feabhra 2012. Is féidir cóip a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin WDC www.wdc.ie


Aighneachtaí

Gné thábhachtach de ghníomhaíochtaí WDC ná ionchur a thabhairt do chomhairliúcháin bheartais éagsúla a bhfuil tionchar acu ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta Réigiún an Iarthair. Le linn 2012 sholáthar WDC aighneachtaí le líon comhairliúcháin:

- An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha maidir le tuarascáil an Tascfhórsa Leathanbhanda den Chéad Ghlúin eile.
- An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha maidir leis an ducht teileachumarsáide a shíneann ó Bhaile an Mhóinín i gCo. na Gaillimhe go dtí Béal an Átha Bhuí i gCo. Mhaigh Eo.
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Iascaigh maidir leis an doiciméad comhairliúcháin *Our Ocean Wealth* ar an tábhacht mhéadaithe atá ag baint le gníomhaíochtaí eacnamaíochta bunaithe ar an aigéan agus a thábhacht shóisialta agus chultúrtha a aithint.
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir leis an gComhairliúchán ar an bpróiseas um Ailíniú Forbartha Áitiúla agus Rialtais Áitiúil.
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir leis an dréacht-Chreat um Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn.
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir leis an gComhairliúchán maidir le Straitéis Earnála Earnáil an Rialtais Áitiúil chun Fostaíocht a chur chun cinn agus chun tacú leis an bhFiontraíocht Áitiúil.



CUID 2:



NA BUNTÁISTÍ A BHAINNEANN
LE CÓNAÍ, OIBRIÚ AGUS GNÓ
A DHÉANAMH I RÉIGIÚN AN
IARTHAIR A CHUR CHUN CINN

NA BUNTÁISTÍ A BHAINNEANN LE CÓNAÍ, OIBRIÚ AGUS GNÓ A DHÉANAMH I RÉIGIÚN AN IARTHAIR A CHUR CHUN CINN

LookWest.ie – an treoir is fearr ar líne maidir le cónaí,
oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair in Éirinn.



Príomhghnóthachtálacha in 2012

In 2012 lean feachtas LookWest.ie dá phríomhthuinseamh um Réigiún an Iarthair a chur chun cinn ar bhonn idirnáisiúnta agus baile araon, agus rinne siad iarrachtaí i dtionscnamh gnó diaspóra ar a dtugtar RE:CONNECT a éagsúlú chomh maith. Sna cásanna ar fad ba é an fócas ar fhás post an t-éiteas spreagtha.



Volvo Ocean Race 2012




Ag Volvo Ocean Race, Gaillimh - Mary Keaveney
WDC, Caroline Coffey WDC, Pat Rabbitte TD An
tAire Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Daonna agus
Joanne Grehan WDC

I measc na gcásanna ratha suntasacha bhí:


- Sroicheadh milliún cuairteoir ar an suíomh gréasáin LookWest.ie.
- Baineadh an meánlíon de 40,000 cuairt sa mhí amach.
- Rás Volvo Ocean 2012 – arna thacú ag LookWest.ie agus ag comhpháirtithe réigiúnacha.
- Feachtas RE:CONNECT, comhthionscnamh le húdaráis áitiúla réigiúnacha, a lainseáil an Taoiseach, Enda Kenny, T.D. in Eanáir 2012.
- Lá Yeats 2012 – comhiarracht LookWest.ie/an Iarthair Chruthaithigh – ag tacú le hiarrachtaí an réigiúin dá eiseamláireach a dhéanamh den 13 Meitheamh le haghaidh na n-ealaíon agus na turasóireachta trí W.B. Yeats a chomóradh. Choimisiúnaigh WDC scannán gairid uathúil agus chuir scannáin Loch Bó i gcrích é. Taispeánadh é le linn imeachtaí lainseála chéad Lá Yeats.




- Clár Margaíochta um Thurasóireacht Réigiúnach – tionscnamh praiticiúil ina bhfuil comhairlí contae Dhún na nGall, Shligigh, Mhaigh Eo, Liatroma agus Ros Comáin, IWKA, Fáilte Éireann agus Turasóireacht Éireann bainteach, agus tá sé comhordaithe ag WDC. Féachadh sa tionscnamh seo le líon na dturasóirí idirnáisiúnta chuig Réigiún an Iarthair a mhéadú trí mhargaíocht chomhoibríoch a dhéanamh ar an réigiún den chéad uair. Is é is aidhm leis an gcur chuige seo faoi dheireadh 50-60,000 cuairteoir breise in aghaidh na bliana chuig an réigiún a bhaint amach laistigh de thrí bliana. Mar thoradh ar iarrachtaí a rinneadh an bhliain seo caite, agus leas á bhaint as an rannchuidiú a thug na comhpháirtithe ar fad, tháinig os cionn 10,000 cuairteoir nua chuig an réigiún agus rinneadh caiteachas breise a bhain leis sin sna hearnálacha turasóireachta, caitheamh aimsire agus miondíola.



D'fhreastail ar an RE: CONNECT Londain leis an Aire Pat Rabbitte



CUID 3



FORBAIRT TUAITHE



FORBAIRT TUAITHE

Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta inbhuanaithe an gheilleagair thuaithe.

Fuinneamh In-athnuaite



RASLRES - Tionscnamh AE i comhair na hEarnála Bithfhuinnimh

Is éard is RASLRES – tionscadal um Chur Chuige Réigiúnach chun Réitigh Áitiúla Fuinnimh In-athnuaite a Spreadh – tionscadal AE arna stiúir ag WDC le comhpháirtithe ó Éirinn, ó Albain, ó Thuaisceart Éireann agus ón tSualainn. Is é is aidhm leis an tionscadal teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú i ngeilleagair thuaithe. Tá an tionscadal maoinithe ag an gClár Forimill Thuaidh (NPP), arb é ceann de 13 chlár INTERREG-IIIB a cuireadh ar bun chun tacú le comhoibriú trasnáisiúnta san Eoraip agus é a spreagadh.

Rinneadh na táirgí agus na seirbhísí is fearr chun margai áitiúla fuinnimh in-athnuaite a chruthú agus a choinneáil i gceantair thuaithe a dhearadh, a phíolótú agus a mhargú in RASLRES. Tríd an tionscadal, ar an dóigh seo, bhíothas ábalta fás geilleagrach inbhuanaithe a sholáthar i margai maidir le fostaíocht áitiúil, gnóthais áitiúla agus ioncam áitiúil.



www.raslres.eu

D'oibrigh RASLRES le 11 treoirionscadal chun slabhraí soláthair breosla adhmaid áitiúil inbhuanaithe a fhorbairt trí choirí adhmaid nua (nó cinn atá ann cheana) agus trí chur chuige dea-chleachtais a thairiscint chun tacú le forbairt tionscail, as a dtagann 29 post FTE nua agus as ar cruthaíodh 10 ngnóthas nua.



Lainseálann an tAire Phil Hogan áireamhán Bithfhuinnimh ar Líne Raslres i mí na Bealtaine 2012

(C-D Ian Brannigan WDC POF(A), an tAire Hogan, Niclas Forsling, Ceann chlár Forimill Thuaidh an AE)

Forbraíodh Uirlis Bithfhuinnimh chliste chun cur ar chumas iad siúd atá ag smaoineamh ar infheistíocht a dhéanamh i gcórais bithfhuinnimh chun measúnú a dhéanamh ar fhéidearthacht eacnamaíoch tionscadail ag céim luath (Féach Fíor 2). Tá sé ar fáil ag <http://www.raslres.eu/bioenergy-tool/>.

Soláthraíodh seirbhísí sa tionscadal don earnáil fuinneamh adhmaid in Éirinn, lena n-áirítear soláthar réimse seirbhísí tacaíochta teicniúla agus comhairleora gnó do chliaint roghnacha atá ag cur tionscadail fuinneamh adhmaid chun cinn sa réigiún agus giniúint eolas agus faisnéis margaidh chun tacú leis an earnáil. Foilsíodh a lán díobh sin agus tá siad ar fáil lena n-íoslódáil ag <http://www.raslres.eu/publications/>

Forbraíodh conradh samhla in RASLRES chomh maith, mar aon le nótaí do dhaoine san earnáil phoiblí nó phríobháideach a bhfuil suim acu teas a cheannach trí Chonradh Soláthair Fuinnimh (ESCO). Cuirfidh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus an IrBA, Cumann Bithfhuinnimh na hÉireann, an treoir agus an conradh a forbraíodh in RASLRES chun cinn tuilleadh.

Bhí baint ghníomhach ag RASLRES leis na húdaráis áitiúla ar chlár trí chuid chun forbairt bithfhuinnimh sa réigiún a spreagadh, samhail soláthair phoiblí a fhorbairt, agus cúnamh a chur ar fáil d'údaráis áitiúla chun beartais chuí a fhorbairt chun bithfhuinneamh a fhorbairt ina gcontae.





BioPAD

D'éirigh le WDC in iarratas a rinne siad leis an gClár Forimill Thuaidh ar thionscadal bithfhuinnimh athleanúna, 'BioPAD'. Áirítear comhpháirtithe sa tionscadal ó Thuaisceart Éireann, ó Albain agus ón bhFionlainn. Is ionann luach bhuiséad an tionscadail agus chor a bheith €700,000.

Is é is aidhm le BioPAD (Iomadú agus Úsáid Bithfhuinnimh) slabhraí soláthair bithfhuinnimh nua a fhorbairt bunaithe ar tháirge seirbhíse um spreagadh bithfhuinnimh nua a iomadú, ina bhféachtar le nuálaíochtaí a chuimsiú i gcineálacha breosla bithmhaise, i lóistíocht slabhra soláthar agus sa teicneolaíocht tiontaithe.

Beidh na tionscadail um léarscáiliú slabhra soláthair freastalaithe ina mbonn eolais faoi chreataí agus idirghabhálacha chun tacaíocht a thabhairt d'ath-imlonnú i limistéar an Chláir Forimill Thuaidh, agus chun deiseanna fiontraíochta nua a chruthú bunaithe ar shamhlacha gnó inbhuanaithe.

Leis an gcur chuige spreagtha arna chruthú i margai (baineadh fás fostaíochta agus gnó dar luach €1.3m san iomlán le haghaidh na bliana amach le linn chéim fhorbartha RASLRES) beidh pobail iargúlta réigiúnacha ábalta a ngeilleagar fuinnimh in-athnuaite a fhás go praiticiúil agus go héifeachtach.

Bainfear leas as infheistíocht an Chláir Forimill Thuaidh sa BioPAD i bhforbairt Uirlis Bhithfhuinnimh RASLRES (www.raslres.eu/bioenergy-tool), ena gcumasófar cur chuige comhtháite ar ísealchostas maidir le feabhas a chur ar iomaíochas réigiúnach an Chláir Forimill Thuaidh i spreagadh na hearnála bithfhuinnimh. Cruthaíodh táirge seirbhíse ar líne nua leis an Uirlis Bhithfhuinnimh lena chur ar chumas pobal agus páirtithe leasmhara a bhfuil suim acu ann faisnéis a rochtain ar bhithbhreoslaí in-athnuaite áitiúla, ag féachaint le spreagadh áitiúil nuálach a sholáthar in úsáid agus soláthar bithfhuinnimh.

Bainfear leas sa BioPAD as Uirlis Bhithfhuinnimh RASLRES agus déanfar í a scaipeadh ann ar phobal i gcoitinne an Chláir Forimill Thuaidh agus thairis sin. Ar deireadh, féachfar i dtionscadal seirbhíse na hUirlise Bithfhuinnimh le cumas phobail agus bhardais an Chláir Forimill Thuaidh a fhás chun slabhraí soláthair bithfhuinnimh in-athnuaite áitiúla a rochtain agus chun idirghníomhaíocht a dhéanamh leo, agus spreagfaidh sé sin fás fiontraíochta agus post sna pobail áitiúla.

Déanfar measúnú sa tionscadal ar bhreoslaí bithmhais adhmaid nua amhail barra, agus d'fhéadfaí breathnú ann chomh maith ar dheiseanna margaidh ó shruthanna orgánacha amhail dramhaíl talmhaíochta, laistigh den chomhthéacs micrea-CTÉ (cumhacht is Teas in Éineacht) agus tionscadail téimh cheantair a fhorbairt do réigiúin atá ag teacht chun cinn.



Innovatively investing
in Europe's Northern
Periphery for a sustainable
and prosperous future



Bioenergy Proliferation and Deployment





Geilleagar Cruthaitheach



Dhianaigh WDC a chuid oibre maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt earnáil na dtionscal cruthaitheach i Réigiún an Iarthair i rith 2012. Áirítear ealaíona agus ceardaíocht, ceol, faisean, dearadh, meáin dhigiteacha, teilifís, léiriú scannán agus raidió, bogearraí, grianghrafadóireacht, ailtireacht agus foilsitheoireacht ar an earnáil chruthaitheach.

Faobhar Cruthaitheach

Tionscadal is ea Faobhar Cruthaitheach arna maoiniú faoin gClár Forimill Thuaidh chun tacú a thabhairt do dhaoine agus do ghnóthais atá ag obair san earnáil chruthaitheach i Réigiún an Iarthair, i dTuaisceart Éireann, sa tSualainn agus san Fhionlainn. Is iad na príomhchuspóirí leis an tionscadal rochtain gnóthas cruthaitheach ar mhargaí idirnáisiúnta a mhéadú agus cumas cruthaitheach atá ag teacht chun cinn ó na réigiúin chomhpháirtíochta a fhorbairt. Is é €1.1m luach iomlán bhuiséad an tionscadail le haghaidh an Fhaobhair Chruthaitheach. Is iad seo a leanas na comhpháirtithe i dtionscadal an Fhaobhair Chruthaitheach:

- Ollscoil na hÉireann Gaillimh (Príomh-Chomhpháirtí)
- Réigiún Vasterbotten/Film i Vasterbotten, an tSualainn
- SEED, Comhairle Buirge Craigavon, Tuaisceart Éireann
- Kemi-Tornio University of Applied Sciences (KTUAS), an Fhionlainn
- Coimisiún Forbartha an Iarthair – Éire.

Is é WDC an phríomh-eagraíocht le haghaidh na Samhla Rochtain ar Easpórtáil a fhorbairt. Is éard a bheidh i gceist leis sin:

- **Ardán easpórtála ar líne ar a mbeidh rochtain oscailte** a dhearadh, a fhorbairt agus a sheachadadh chun rochtain ar mhargaí easpórtála a éascú do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (le lainséil i Meitheamh 2013).
- Sraith **ceardlann maidir le scileanna easpórtála** a reáchtáil chun faisnéis agus comhairle a chur ar fáil do ghnóthais chruthaitheacha chun cuidiú leo gníomhaíocht easpórtála a mhéadú (Aibreán-Bealtaine 2013).
- Treoirscéim bheag um **dhearbháin chumais** a oibriú chun gnóthais a chomhaoiniú chun Conradh a dhéanamh maidir le cumas cruthaitheach atá ag teacht chun cinn (Meitheamh-Iúil 2013).

Le linn 2012 bhí an bhéim ar bhailiú faisnéise, spreagadh feasachta, dearadh agus forbairt na bpríomhghníomhaíochtaí a chuirfear i bhfeidhm le linn 2013. Is é seo a leanas cuid de ghníomhaíochtaí WDC le linn 2012:

- Cur i láthair maidir le tionscadal an Fhaobhair Chruthaitheach ag gach ceann de na seacht seisiún faisnéise contae a tionóladh le haghaidh Chiste Micri-lasachta WDC: Tionscail Chruthaitheacha (9-16 Iúil).
- Dámhadh conradh maidir le seirbhísí tacaíochta le haghaidh na Samhla Rochtain ar Easpórtáil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus tá sé ar bun anois.
- Rinneadh suirbhé leictreonach maidir le gnóthais in earnáil na cruthaitheachta i Réigiún an Iarthair i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair. Bhí sé d'aidhm leis an suirbhé measúnú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus ar na riachtanais easpórtála reatha. Fuarthas 91 freagairt. Tá leas á bhaint as na torthaí sin i ndearadh na Samhla Rochtain ar Easpórtáil.
- Bhunaigh WDC an Grúpa Comhairleach Tionscail le haghaidh an Fhaobhair Chruthaitheach. Tionóladh an chéad chruinniú i dTuaim an 8 Nollaig. Tá ionadaithe príobháideacha agus poiblí sa ghrúpa atá ag obair in earnáil na cruthaitheachta i Réigiún an Iarthair. Is é is cuspóir leis léargas agus tuairimí a chur ar fáil maidir le dearadh, forbairt agus cur i bhfeidhm ardán easpórtála an Fhaobhair Chruthaitheach.
- Cuireadh tús le feachtais meán sóisialta maidir leis an bhFaobhar Cruthaitheach i mí na Samhna. Tá leathanach Facebook an Fhaobhair Chruthaitheach beo ag <http://facebook.com/eucreative> agus tá a gcainéal Twitter ag <https://twitter.com/eucreative>. Is é is cuspóir leis earnáil na cruthaitheachta a thabhairt chun suntais agus suim a spreagadh inti i réigiúin chomhpháirtíochta chomh maith leis na gníomhaíochtaí sa tionscadail a chur chun cinn. Táthar ag súil chomh maith go gcuideoidh sé le rannpháirtithe féideartha a shainaitheint don ardán easpórtála ar líne.
- Ghlac WDC páirt i gcur i láthair ar thionscadal an Fhaobhair Chruthaitheach a rinneadh ag Comhdháil Bhliantúil an Chláir Forimill Thuaidh an 15 Samhail i nDoire.

- Rinne Garry Hydes ó Druid Theatre Faobhar Cruthaitheach a lainseáil go hoifigiúil ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh an 29 Samhain.
- Tionóladh trí chruinniú comhpháirtíochta maidir leis an tionscadal le linn 2012 - Feabhra (an Fhionlainn), Meitheamh (Tuaisceart Éireann) agus Samhain (Tuaisceart Éireann mar chuid de Chomhdháil Bhliantúil an Chláir Forimill Thuaidh).
- D'fhreastail WDC ar an Aonach Náisiúnta Ceardaíochta agus Deartha i mBaile Átha Cliath i mí na Nollag chun an tionscadal a chur chun cinn agus chun fiontair chruthaitheacha ón réigiún a spreagadh chun páirt a ghlacadh san ardán easpórtála ar líne nuair a lainseálfar é.
- Bhí WDC rannpháirteach maidir le himeacht bliantúil cruthaitheach eiseamláireach a bhunú sa réigiún - Lá Yeats. Bhí WDC rannpháirteach le gnóthais chruthaitheacha chun an imeacht tionscnaimh a chomórath trí shliocht closamhairc dar teideal 'Yeats, Sligo and Me'.

Meabhrán Tuisceana le Comhairle Cheardaíochta na hÉireann

I mí an Mhárta 2012 chuir WDC a obair forbartha um gheilleagar cruthaitheach i láthair ag imeacht Lónra Forbartha LEADER na hÉireann (ILDN) sa Tulach Mhór. Mar athleanúint, chomhaontaigh WDC agus Comhairle Cheardaíochta na hÉireann (CCol) comhpháirtíocht a bhunú d'fhonn cláir fás post a fhorbairt don réigiún (agus thairis) in earnáil na ceardaíochta agus na cruthaitheachta. Cuirfear €30,000 díreach isteach i dtionscail chruthaitheacha an réigiúin leis an gcomhaontú uathúil trí bliana seo arna shíniú ag Ian

Brannigan (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin WDC), agus tá sé beartaithe go gcuirfidh sé an bonn ar fáil maidir le tionscnaimh a chomhfhorbairt idir an dá ghníomhaireacht chun deiseanna fiontraíochta agus fostaíochta a mhéadú go suntasach san earnáil i Réigiún an Iarthair.

I ndiaidh plé shuntasáigh, d'fhaomh boird an dá eagraíochta Meabhrán Tuisceana idir WDC agus Comhairle Cheardaíochta na hÉireann chun creat a chur ar fáil i gcomhair comhpháirtíocht straitéiseach ar fud raon réimsí. Síníodh é sin an 12 Iúil.

Comhdháil Náisiúnta um Fhorbairt Tuaithe


Bhí WDC ina gcomhpháirtithe comhlachais sa Chomhdháil bhliantúil Náisiúnta um Fhorbairt Tuaithe a d'eagraigh an Lónra Náisiúnta Tuaithe agus Teagasc. Tionóladh an chomhdháil an 16 Deireadh Fómhair agus d'eagraigh agus thionóil WDC ceardlann dar teideal 'Creative & Rural: The Role of Creative Industries in Rural Development'. Ba é fócas na ceardlainne feasacht a spreagadh maidir le hacmhainneacht earnáil na cruthaitheachta i gceantair thuaithe agus moltaí a chruthú i gcomhair gníomhartha chun tacú leis an earnáil sa Chlár Forbartha Tuaithe nua 2014-2020.

Tionscadal 4CNW


I mí an Mhárta, rinne Ian Brannigan cur i láthair maidir le hobair WDC ar an ngeilleagar cruthaitheach ag lainseáil an tionscadail um fhás cumais 4CNW (Stát Cruthaitheach an Iarthuaiscirt) a tionóladh ag Teicneolaíocht Faisnéise Shligigh. Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo dearbháin chumais dar luach €100,000 a chur ar fáil do ghnóthais chruthaitheacha réigiúnacha d'fhonn oibriú san earnáil tionscail agus gnó níos leithne.



Pauline White, Anailísí Beartas WDC, Karen Hennessey, PO F Comhairle Cheardaíochta na hÉireann agus David Knight, Willow Publishing agus David Knight Photography a labhair ag Cruthaitheach agus Tuaithe WDC: Ceardlann maidir le Ról na dTionscal Cruthaitheach i bhForbairt Tuaithe ag an gComhdháil Náisiúnta um Fhorbairt Tuaithe, 16 Deireadh Fómhair 2012.



CUID 4



CISTE INFHEISTÍOCHTA WDC



CISTE INFHEISTÍOCHTA WDC

Caipiteal riosca a chur ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus d'fhiontair shóisialta.

Is é Ciste Infheistíochta an Iarthair (WIF) ná ciste a dhéanann WDC bainistiú air lena sholáthraítear caipiteal riosca (sólchaipiteal agus caipiteal fiontair agus maoiniú iasachtaí) d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (SMEanna) agus d'fhiontair phobail. Téann sé i ngleic le teip mhargaidh na hearnála príobháidí i dtaca le soláthar caipitil riosca d'fhiontair i Réigiún an Iarthair. Infheistíonn WDC ar théarmaí tráchtála agus is inaisíochta an uile infheistíocht.

Is gné shuntasach d'ualach oibre Chiste Infheistíochta an Iarthair ná monatóireacht a dhéanamh ar an bpunann infheistíochta. Oibríonn an feidhmeannas go dlúth le cuideachtaí punainne, ag leibhéal boird agus bainistíochta, ag tacú leo go fadtéarmach agus ag cuidiú leo a spriocanna foráis a bhaint amach.

Go dtí seo, d'infheistigh WDC beagnach €40 milliún san iomlán in 96 cuideachta sa réigiún ina bhfostaítear 1,600 duine; is fiontair an-nuálacha iad tromlach na bhfiontar beag agus meánmhéide a dtugtar tacaíocht dóibh. Mar chiste leantach infheistítear na brabúis uile ar ais sa réigiún.

Taispeántar le torthaí suirbhé a rinneadh le déanaí⁴ ar chuideachta a dtugann WDC tacaíocht dóibh an tionchar geilleagrach agus sóisialta an-suntasach atá ag na cuideachtaí seo ar an réigiún. Easpórtáiltear seasca a seacht faoin gcéad de láimhdeachas na gcuideachtaí seo, ag tacú le téarnamh tiománaithe ag easpórtáil. Táscaire an-suntasach eile ar thionchar geilleagrach agus ar nuálaíocht gheilleagrach is ea a gcaiteachas €11m a chaith siad ar thaighde agus ar fhorbairt.

In 2012 d'infheistigh WDC €1.4m i 13 fhiontar a chuireann fostaíocht ardoilte ar fáil in earnálacha ó fheistis leighis go forbairt bogearraí go déantúsaíocht ardteicniúil go thionscail cruthaitheacha. De bharr infheistiú WIF bhí €9.4m d'infheistíocht bhreise sa réigiún san iomlán; fuarthas €6.6 d'fhiontair an iarthair ar gach €1 de mhaoiniú WDC a infheistíodh trí WIF.

D'fhaomh WIF €2.4m san iomlán i 21 tionscadal, arb ionann €1.9m dóibh sin agus ceangaltas a cuireadh ar aghaidh go dtí 2013.

In 2012, ní bhfuair WDC maoiniú ar bith ón státchiste i gcomhar an WIF agus tá sé ag brath go hiomlán ar a mhaoiniú rothlaithe chun infheistíochtaí a dhéanamh. D'éirigh le WDC maidir lena shamhail um chiste leantach inbhuanaithe a fhorbairt agus tá sé anois féinleorga ó thaobh maoinithe de, cé go bhfuil leibhéal an mhaoinithe níos lú ná a bhí sé roimhe seo. Tá an acmhainn ag WDC chun maoiniú státchiste a infheistiú ar bhonn stuama trína dtabharfar tacaíocht d'fhiontraíocht agus do phoist i Réigiún an Iarthair má dhéantar leithdháileadh caipitil nua a dheonú. Tá WDC ag lorg go n-athghlacfar leithdháileadh caipitil do Chiste Infheistíochta an Iarthair de réir mar a leanann teip margaidh san earnáil phríobháideach ar aghaidh i Réigiún an Iarthair agus níos lú ná 10% de chistí caipiteal fiontair príobháideacha á n-infheistiú inár réigiún. Imríonn WIF ról rithábachtach maidir le haghaidh a thabhairt ar na mbearna chothromais seo agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí dúchasacha a ngnó a chur ar bun agus é a leathnú i Réigiún an Iarthair.

Trína phunann infheistíochta rathúil, thaispeáin WDC a éifeachtacht i seachadadh tairbhí socheacnamaíochta suntasacha don Rialtas trí thacaíocht a thabhairt d'fhiontair agus do phoist i modh inbhuanaithe. Taispeántar i dtaighde a rinneadh le cuideachtaí WIF maidir le gach meán-leathdháil státchiste de €3m thar thréimhse 10 mbliana, go bhfuil 1,400 duine fostaíthe sna fiontar seo, agus go bhfuil 195 duine fostaíthe i spás fiontar pobail atá maoinithe ag WIF. Bhí caiteachas bliantúil de €43m in 2011 ar thuarastail agus ar phá, spreagadh an-suntasach don gheilleagar áitiúil, agus aisíocadh €11.8m as an méid seo don státchiste i gcánacha párolla. Is léir go dtairgeann an WIF samhail d'fhorbairt gheilleagrach inbhuanaithe an réigiúin, agus táthar ag tnúth go leantar le tacaíocht an rialtais ina dhianiarachtaí airgeadas riosca a chur ar fáil d'fhiontair an iarthair ar bhonn tráchtála agus tionchar geilleagrach a sheachadadh.

⁴ Suirbhé ar chuideachtaí punainne a rinneadh in 2011.



Ciste Micri-Iasachta Nua WDC: Tionscail Chruthaitheacha

I Meitheamh 2012 lainseáil WDC Ciste Micri-Iasachta Nua le haghaidh na dTionscail Chruthaitheach. Is tionscnamh 'rochtain ar mhaoiniú' é seo a forbraíodh arbhonn píolótach, ag leithdháileadh €1m thar thréimhse trí bliana ó Chiste Rothlach Infheistíochta an Iarthair d'earnáil na dtionscail chruthaitheach.

Tá an ciste deartha chun tacú le tionscail chruthaitheacha ar réimse acmhainneacht fáis atá ag forbairt laistigh den réigiún é, bunaithe ar thaighde fairsing WDC. Tá rochtain ar mhaoiniú ina shaincheist do thionscail chruthaitheacha, agus mar sin féachtar sa chiste leis an tsaincheist sin a fheabhsú trí mheicníocht mhaoiniúcháin thráthúil agus chuí a chur ar fáil. Léirítear tiomantas WDC san tionscnamh don fhorbairt fiontraíochta, agus a bhéim ar inbhuanaitheacht agus ar fhás réigiúnach agus trí fhostaíocht, fiontraíocht agus easpórtáil.

Ciste Micri-Iasachta WDC: Tá Tionscail Chruthaitheacha oscailte do thrádálaithe aonair, comhpháirtithe, gnóthais agus grúpaí atá ag feidhmiú in earnáil na dtionscail chruthaitheach. Sainítear é sin mar cheirdeanna agus mar thionscail ina ndírítear ar an gcruthaitheacht, le haghaidh earraí agus seirbhísí bunaidh a tháirgeadh agus a dháileadh. Is é an chéadrogha go bhfuil gnóthais ina gnóthais chorpraithe, .i. cuideachta atá teoranta le scaireanna nó cuideachta atá teoranta le ráthaíocht, ach breithneofar gnóthais neamhchorpraithe.


Tá earnáil na cruthaitheachta comhdhéanta de na 12 thionscail chruthaitheacha a leanas agus tá gnóthais as na hearnálacha seo i dteideal iarratas a dhéanamh:

- Fógraíocht
- Ailtireacht
- Ealaín/Trádáil seandachtaí
- Ceardaíocht
- Dearadh
- Na meáin dhigiteacha
- Faisean
- An t-idirlíon agus bogearraí
- Ceol, na hamharcealaíona agus na healaíona taibhiúcháin
- Foilsitheoireacht
- Craoladh raidió agus teilifíse
- Físeáin, scannánaíocht agus grianghrafadóireacht.

Feidhmítear an Ciste Micri-Iasachta ar bhonn iomaíoch 'glao ar thairiscintí' agus déantar é a fhógairt go poiblí. Lena chois sin, tionóladh sraith fhairsing ceardlann um chruinniú faisnéise ar fud an réigiúin.

Tá iasachtaí idir €5,000 agus €25,000 ar fáil d'iarratasóirí rathúla ar feadh téarmaí cúig bliana ar a mhéad.

I ndiaidh an chéad ghlaio ar éirigh go maith leis i Meitheamh 2012, íocadh amach €120,000 as an gciste do ghnóthais chruthaitheacha i Réigiún an Iarthair agus tá sé ag tnúth lena íocaíochtaí amach a mhéadú i rith 2013.





Sárthaispeántas Fhiontraíocht an Iarthair

I mí na Nollag 2012 thionóil WDC Sárthaispeántas Fhiontraíocht an Iarthair ina raibh cuideachtaí ó Phunann Chiste Infheistíochta an Iarthair i gColáiste Ríoga na Lianna, Baile Átha Cliath. Bhí an Taoiseach, Enda Kenny, T.D., ina phríomhchainteoir ag an imeacht.

Cuireadh tríocha cuideachta phunainne WIF ar sárthaispeántas ag an imeacht agus d'fhreastail os cionn 200 duine air.


D'fhreastail baill an Oireachtais ón iarthar, státseirbhísigh shinsearacha ó Roinn an Taoisigh, ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ón Roinn Airgeadais, ón Roinn Post, Fiontar agus Fostaíochta, chomh maith le hoifigigh shinsearacha ó Forfás, Fiontraíocht Éireann, IDA agus ó InterTrade Ireland ar an Sárthaispeántas. Lena chois sin, d'fhreastail bainisteoirí contae ón réigiún air mar aon le hionadaithe ó IBEC, ó fhiontair chaipitil idirnáisiúnta agus bhaile, ó bhainc agus ó chisteoirí eile lena n-áirítear aingil ghnó. Bhí ionadaithe eile ann chomh maith ó na gairmithe atá bainteach in infheistíocht i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (maoiniú corparáideach, cuntasáíocht agus dlíthiúil) agus ón earnáil oideachais tríú leibhéal.

Rinneadh doimhneacht na nuálaíochta agus na fiontraíochta i Réigiún an Iarthair a sárthaispeánt go dearfach san imeacht, agus tá a lán de forbartha ina theicneolaíocht cheannródaíoch a fheidhmítear ar bhonn domhanda.


Le haghaidh tuilleadh eolais a fháil ar Chiste Infheistíochta an Iarthair, féach: www.wdc.ie/wif



An Taoiseach Enda Kenny T. D ag labhairt ag Sárthaispeántas Fhiontraíocht an Iarthair ag Coláiste Ríoga na Lianna, Baile Átha Cliath i mí na Nollag 2012.



CUID 5



SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA



SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

WDC a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil éifeachtach.

Agus í ina cuid thábhachtach dá spriocanna straitéiseacha, tá WDC ag dréim le heagraíocht éifeachtúil éifeachtach a stiúradh a chomhlíonann ceanglais reachtaíochta, nuachóiriú na hearnála poiblí agus dea-chleachtas ach cloí lena leanas:



Rialachas Corparáideach

Thug an bord faoina gcuid gníomhaíochtaí agus iad feasach ar an gCód athbhreithnithe Iompraíochta um Rialú Gníomhaireachtaí Stáit arna leasú i mí na Bealtaine 2009.

Acmhainní Daonna

Trí rannpháirtíocht ghníomhach Choiste Comhpháirtíochta WDC, lean an eagraíocht lena gealltanais ar chlár nuachóirithe na hearnála poiblí agus ar chur i bhfeidhm Chomhaontas Pháirc an Chrócaigh.



Cúram Custaiméirí

Tá WDC tiomanta do sheirbhís ghairmiúil éifeachtúil chúirtéiseach a chur ar fáil dá gcustaiméirí de réir Chairt Chustaiméirí WDC agus na bPrionsabal um Sheirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí. Tá cóip de Ráiteas Custaiméirí WDC ar fáil ar: www.wdc.ie.

Déantar nuashonrú rialta ar shuíomh gréasáin WDC agus cuireadh cliant ar an eolas faoi obair na heagraíochta trí phreaseisiúintí, trí fhoilseacháin agus trí aighneachtaí a cuireadh ar : www.wdc.ie. Níor raibh aon tuairisc ná aon taifead de ghearáin ó chustaiméirí in 2012.

Bainistíocht Airgeadais

Cuireann córas WDC um bainistíocht airgeadais ar chumas an Choimisiúin próiseas cuimsitheach buiséadaithe agus tuairiscithe airgeadais a oibriú agus dea-chleachtas faoin gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh.

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 & 2003

Níor iarradh aon fhaisnéis faoi théarmaí na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 & 2003.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Níor cuireadh aon fhiosrúcháin faoi bhráid WDC faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí in 2012.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, ghlac WDC le *Scéim Teanga WDC 2007-2010*. Tá an scéim seo foilsithe i mBéarla agus i nGaeilge agus tá sé le fáil ar: www.wdc.ie. Faoi théarmaí na scéime, aistríodh suíomh gréasáin Lookwest.ie go Gaeilge.

Costais agus Táillí Boird

Sonraítear na sonraí uile faoi chostais agus táillí boird in Aguisín 3.

Tuarastal agus Costais na bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Sonraítear na sonraí uile faoi thuarastal agus faoi chostais na bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin in Aguisín 4.

Tuarascáil an Chathaoirligh ar Chomhlíonadh WDC maidir leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit in 2012

1. Cód Iompraíochta Gnó do Stiúrthóirí agus d'Fhostaithe WDC

Shínigh na páirtithe ábhartha uile na cóid iompraíochta ghnó don uile stiúrthóir agus fostaí agus comhlíonadh iad in 2012.

2. Feidhm Iniúchta Inmheánaigh

Deimhním gur chomhlíon WDC na nósanna imeachta iomchuí uile le haghaidh iniúchadh inmheánach i 2012, faoi mar a shonraítear sa Chód Cleachtais. Tugadh faoin obair a leanas i ndáil le hiniúchadh inmheánach:

- (i) **Iniúchadh Inmheánach:** Chríochnaigh an tIniúcháir Inmheánach Clár Oibre d'Iniúchadh Inmheánach 2012.
- (ii) **Coiste Iniúchta WDC:** Tháinig an Coiste Iniúchta le chéile uair amháin i rith na bliana 2012 agus thug siad tuairisc ar a gcuid gníomhaíochtaí do WDC.
- (iii) **Iniúchtaí WDC:** Thug an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Iniúcháirí Seachtracha) faoi lán-iniúchadh airgeadais a bhain le ráitis airgeadais WDC 2011 in 2012.

3. Soláthar

Sa bhliain 2012, chomhlíon WDC na nósanna imeachta ábhartha soláthair ina n-iomláine faoi mar a shonraítear i dTreoirínte Soláthair WDC agus i dTreoirínte Soláthair an Rialtais 2004.

4. Diúscairt Sócmhainní agus Rochtain Tríú Páirtithe ar Shócmhainní

Níor tharla aon diúscairt sócmhainní os cionn na tairsí a chomhaontaigh WDC in 2012.

5. Treoirínte maidir le Breithmheas agus Bainistiú Caiteachais Chaipitil

Ní bhaineann na treoirínte seo le WDC.

6. Íocaíocht le Príomhfheidhmeannaigh agus le Fostaithe Comhlachtaí Stáit

Chomhlíon WDC treoirínte an rialtais agus socruithe na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i dtaca le luach saothair a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach agus do na fostaithe in 2012.

7. Íocaíocht Táillí agus Costas Stiúrthóirí

Chloígh WDC le treoirínte an rialtais agus socruithe na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i dtaca le híocaíocht táillí stiúrthóirí in 2012. Tugtar sonraí faoi na táillí agus na costais chomhiomlána seo sna cuntais bhliantúla.

8. Cuireadh tuarascáil ar leith an Chathaoirligh faoi bhráid an Aire i dteannta Thuarascáil Bhliantúil 2012.

9. Deimhním gur chomhlíon WDC na dlíthe iomchuí cánach agus a gcuid oibleagáidí cánach ina n-iomláine in 2012 agus nach ndearnadh tuairisc ar shaincheisteanna ar bith.



Signed:



Cathaoirleach WDC

Date: 25/3/2012





AGUISÍN I: COMHALTAÍ AN BHOIRD

Comhaltaí Choimisiún Forbartha an Iarthair 2012

An Cathaoirleach

An tUasal Helen Rochford Brennan*

An tUasal Paddy McGuinness**

Comhaltaí

An tUasal Neville Bagnall

An tUasal Jim Devenney

An tUasal Mary Devine O'Callaghan

An Comh. Mary Hoade

An tUasal Jackie Maguire

An tUasal Martina Minogue

An tUasal Pádraig Ó hAoláin***

An Dr Seosamh Ó Ceallaigh

An tUasal Gerry O'Connor

An tUasal Vincent Roche

An Dr Katie Sweeney

* Éirithe as ar chúinsí sláinte i Meitheamh 2012

** Ceaptha i mí na Nollag 2012

*** Éirithe as ar chúinsí sláinte i Meán Fómhair 2012

Coiste Iniúchta

An Cathaoirleach

An Comh. Mary Hoade

Comhaltaí

An tUasal Ben Bradish

An tUasal Michael Morley

An tUasal Pádraig Ó hAoláin

An tUasal Willie O'Brien



AGUISÍN 2

Painéil Chomhairleacha Eile

Comhaltaí den Ghrúpa Comhairleach um Fhuinneamh Adhmaid Réigiúnach

An tUasal Richard Browne	an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha
An tUasal Pearse Buckley,	Fuinneamh Inmharthana Éireann
An tUasal Philip Carr	Seirbhís Foraoiseachta na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara
An tUasal Peter Cafferkey	Seirbhís Foraoiseachta na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara
An tUasal Barry Caslin	Teagasc
An tUasal Dóirín Graham	Forbairt Acmhainní Tuaithe Teo. Cuideachta LEADER an Chláir)
An tUasal Christine Hutton	Rural Generation Ltd.
An tUasal Peter Keavney	Gníomhaireacht Fuinnimh na Gaillimhe
An tUasal Conor Lawlor	Institiúid Teicneolaíochta Shligigh
An tUasal Steven Meyen	Teagasc (Foraoiseacht)
An tUasal Fiona Ní Mhurchadha	Údarás na Gaeltachta
An tUasal Frank Conlon	Údarás na Gaeltachta
An tUasal Joe O'Carroll	Imperative Energy Ltd.
An tUasal Hugo McCormick	Imperative Energy Ltd.
An tUasal Michael O'hÉanaigh	Comhairle Contae Dhún na nGall (an Rannóg Pobail & Fiontar)
An tUasal Geraldine O'Sullivan	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (Foraoiseacht)

Comhaltaí de Ghrúpa Comhairleach Thionscal Earnáil na Cruthaitheachta

An tUasal William Golden	OÉ Gaillimh
An tUasal Geraldine Gray	Dearadhlan Liatroma (Leitrim Design House)
An tUasal Jim Keogh	Údarás na Gaeltachta
An tUasal Anton Mannering	Fóram na Meán Digiteach
An tUasal Nick Miller	Ealaíontóir
An tUasal David Power	Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI)
An tUasal Toby Scott	An tIonad um Nuálaíocht Deartha, IT Shligigh
An tUasal Ray Walsh	Fiontraíocht Éireann

AGUISÍN 3

Costais agus Táillí Boird

Táillí Boird agus Costais Taistil agus Chothaithe in 2012		
Ainm	Táillí	Taisteal agus Cothú
An tUasal Neville Bagnall	€5,985	NIALAS
An tUasal Jim Devenney	€5,985	€1,301
An tUasal Mary Devine O'Callaghan	€5,985	€238
An Comh. Mary Hoade	€5,985	€1,903
An tUasal Jackie Maguire	NIALAS	€635
An tUasal Paddy McGuinness *	€480.96	NIALAS
An tUasal Martina Minogue	€5,985	€1,633
An tUasal Pádraig Ó hAoláin ***	NIALAS	€135
An Dr Seosamh Ó Ceallaigh**	€5,985	€3,417
An tUasal Gerald O'Connor	€5,985	NIALAS
An tUasal Helen Rochford Brennan****	€4,489	€917
An tUasal Vincent Roche	€5,985	€3,417
An Dr Katie Sweeney	NIALAS	€1,725

* Tosaithe mar Chathaoirleach an 11 Nollaig 2012

** Íoctha ón 20 Feabhra 2011 go 20 Feabhra 2012

*** Éirithe as i Meán Fómhair 2012

**** Éirithe as an 30 Meitheamh 2012



AGUISÍN 4

Costais Tuarastail agus Taistil agus Chothaithe an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin in 2012		
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	Tuarasta	Taisteal agus Cothú
Ian Brannigan Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (A) agus an Bainisteoir Forbartha Réigiúnaí	€85,172	€12,766

Socraítear scála tuarastail an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ag leibhéal an Phríomhoifigigh sa Státseirbhís.

Ní oibríonn WDC scéim dhámhachtainí i gcoibhneas le feidhmíocht agus áirítear sochar aoisliúntais sa scála tuarastail.





RÁITIS AIRGEADAIS A INIÚCHADH
Don Bhliain Dar Chríoch an 31 Nollaig 2012



CLÁR

Eolas ar Choimisiún Forbartha an Iarthair	41
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Choimisiúin	42
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	43
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	44
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	46
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	48
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chiste Infheistíochta an Iarthair	49
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an Chláir Forimill Thuaidh (NPP)	50
Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána	51
Clár Comhardaithe	52
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	53
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	54



EOLAS AR CHOIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR

Cathaoirligh

An tUasal Helen Richford Brennan*

An tUasal Paddy McGuinness**

Comhaltaí

An tUasal Neville Bagnall	Contae Shligigh
An tUasal Jim Devenney	Contae Dhún na nGall
An Comh. Mary Hoade	Contae na Gaillimhe
An tUasal Martina Minogue	Contae an Chláir
An tUasal Jackie Maguire	Contae Liatroma
An tUasal Pádraig Ó hAoláin***	Contae na Gaillimhe
An tUasal Mary Devine O'Callaghan	Contae Ros Comáin
An Dr Seosamh Ó Ceallaigh	Contae Dhún na nGall
An tUasal Gerry O'Connor	Contae Shligigh
An tUasal Vincent Roche	Contae Mhaigh Eo
An Dr Katie Sweeney	Contae Mhaigh Eo

* Éirithe as Meitheamh 2012

** Ceaptha mí na Nollag 2012

*** Éirithe as Meán Fómhair 2012

Baincéirí

Banc na hÉireann, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin

Banc-Aontas Éireann, Bóthar Thuama, Gaillimh

Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste,
Teach an Chisteáin,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN CHOIMISIÚIN

Ceanglaíonn Alt 22 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998, ar an gCoimisiún ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le comhthoiliú an Aire Airgeadais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ceanglaítear ar an gCoimisiún:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais reatha mura bhfuil an bonn sin míchuí;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeán infheidhme chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Dearbhaíonn na Stiúrthóirí gur chloígh siad leis na riachtanais thuas agus na ráitis airgeadais á réiteach.


Tá an Coimisiún freagrach as leabhair chuntas chuí a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn aon tráth, staid airgeadais an Choimisiúin agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22 den Acht. Tá an Coimisiún freagrach freisin as a shócmhainní a shlánchoimeád agus as bearta réasúnacha a ghlacadh d'fhonn cosc a chur le calaois agus le mírialtachtaí eile agus iad a bhrath.

An Cathaoirleach:



Paddy McGuinness

Comhalta an Choimisiúin:



Ian Brannigan



TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

...



RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

AIRGEADAIS 2012

1. Thar ceann Bhord Choimisiún Forbartha an Iarthair, admhaím an fhreagracht atá orainn a chinntiú go gcothabháiltear agus go n-oibrítear córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais.
2. Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnach, agus ní ráthaíocht iomlán a thabhairt, go slánchoimeádtar sócmhainní, go n-údaítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad agus go gcoiscítear earráidí ábhartha nó mírialtachtaí, nó go mbraithfí iad i dtréimhse thráthúil.
3. Tá na nósanna imeachta seo a leanas curtha i bhfeidhm ag an mBord d'fhonn rialú airgeadais inmheánach a sholáthar;
 - i. Tá bearta glactha ag an mBord le cinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm;
 - trí struchtúr eagraíochtúil atá mínithe go soiléir a bhunú;
 - le línte freagrachta sainithe, teorainneacha údaráis, scaradh dualgas agus údarás tarmligthe;
 - trí chóras de nósanna imeachta airgeadais atá doiciméadaithe go soiléir a bhunú;
 - trí mheicníochtaí tuairiscithe don lucht Bainistíochta, don Choiste Iniúcháireachta agus don Chathaoirleach agus don Bhord a bhunú.
 - ii. Tá próisis curtha ar bun ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a luacháil;
 - trí nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a bheidh ag an gCoimisiún a aithint;
 - trí mheasúnú a dhéanamh ar an dealraitheacht go dtarlódh na rioscaí a aithníodh (mionmheasúnú riosca arna dhéanamh ag iniúcháirí inmheánacha);
 - trí oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí ábhartha le cinntiú go dtuigtear straitéis an Choimisiúin go soiléir.
 - iii. Úsáideann an Coimisiún Córas Bainistíochta Airgeadais intí a chuireann ar a chumas próiseas buiséadaithe cuimsitheach a fheidhmiú, agus a chinntiú go n-aithnítear agus go scrúdaítear agus go dtugtar aghaidh ar aon athraitheas buiséadach go pras. Ullmhaítear tuarascálacha míosúla buiséid agus caiteachais don lucht bainistíochta agus don Roinn.
 - iv. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun déileáil le himpleachtaí airgeadais a ghabhann le mór-rioscaí gnó. Áirítear orthu seo;
 - ceadú an Bhoird do bhuiséad bliantúil;
 - sraith nósanna imeachta airgeadais oibríochtúla atá sainmhínithe go soiléir;
 - nósanna imeachta infheistíochta atá sainmhínithe go soiléir agus ceadaithe ag an mbord le haghaidh fheidhmiú Chiste Infheistíochta an Iarthair; lena n-áirítear nósanna imeachta iarinfheistíochta.
 - teorainneacha údaraithe sainmhínithe, scaradh dualgas.



RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

AIRGEADAIS 2012 (Ar Lean)

- v. Sa bhliain 2012 bhí na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais;
- a. Feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí, a seachfhóinsíodh agus a oibríodh de réir plan oibre iniúcháireachta inmheánaí, lenar áiríodh anailís riosca.
- b. Coiste Iniúcháireachta a dhéanann maoirsiú ar obair an iniúcháir inmheánaigh. Bhuaile an Coiste Iniúcháireachta le chéile uair amháin in 2012. Bhuaile an Coiste Iniúcháireachta le chéile ceithre huair in 2013.
- c. Is iad na foinsí faisnéise a bhí ag monatóireacht agus ag athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach 2012;
- obair an iniúcháir inmheánaigh,
 - feidhmeannas an Choimisiúin a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe airgeadais,
 - coiste iniúcháireachta,
 - tráchtairacht arna déanamh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

4. Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais sa bhliain 2012.

Arna Shíniú ag:



Cathaoirleach

Dáta:

23/6/2014

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1. Bonn na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhráithe na cuntasaíochta, seachas mar a leagtar amach thíos, agus de réir phrionsabal na cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar Caighdeán Tuiriscithe Airgeadais arna moladh ag na forais chuntasaíochta aitheanta de réir mar a dhéantar oibriúch iad.

2. Deontais Oireachtais

Tugtar cuntais sna Deontais Oireachtais ar bhonn fáiltas airgid.

3. Sócmhainní Seasta

Luaitear Sócmhainní Seasta ag a gcostas stairiúil nó a luacháil lúide a ndímheas carntha. Cuirtear dímheas de mhuipear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn mhodh an mhéid chothroim, ag na rátaí a leagtar amach thíos, d'fhonn na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe le haghaidh luach iarmharach measta, le linn na saolréanna ionchais:

Daingneáin agus Feistis 15%

Ríomhairí agus 33%

4. Pinsin

Feidhmíonn an Coimisiún scéim pinsean sochair shainithe a mhaoineítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail na foirne.

Léiríonn costais na bpinsean na sochair a thuill fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad mar ghlanchoistais ó ranníocaíochtaí pinsean na foirne a íoctar leis an Roinn de réir chomhshocraíochtaí maoinithe an Choimisiúin.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha de dhroim dliteanas scéime sa Ráiteas ar Gnóthachain agus Caillteanas Aitheanta lomlána agus aithnítear coigeartú comhréireach sa mhéid is inghnóthaithe ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Léiríonn na dliteanais phinsin luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí a shaothraigh an fhoireann go dtí seo.

Léiríonn an maoiniú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisíoc i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

5. Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil an luach gan amúchadh atá ar an ioncam a caitheadh ar chúrsaí caipitil.

6. Ciste Infheistíochta an Iarthair

Tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tar éis tiomantas a thabhairt do chiste foriomlán €28 milliún faoin NDP 2007-2013. Nuair a cheadaíonn an Coimisiún tionscadal, tarraingítear cistí anuas ón Roinn agus eisítear iasachtaí agus infheistíochtaí chuig an bhforas ábhartha.

7. Ioncam Infheistíochta

Aithnítear an t-ioncam infheistíochta sa chuntas loncaim agus Caiteachais faoi Thoradh ar Chiste Infheistíochta agus Gnóthachain/Caillteanais tar éis Scoir.

Ríomhtar ús ar iasachtaí ar bhonn comhardaithe laghdaithe agus tugtar chuig an gCuntas loncaim agus Caiteachais é thar thréimhse an chomhaontaithe. Ní fhabhraítear ús ar iasachtaí atá i riaráiste agus ní thugtar don chuntas loncaim agus Caiteachais é ach amháin nuair a fhaightear é.

Tugtar díbhinní ar infheistíochtaí cothromais chuig an gCuntas loncaim agus Caiteachais de réir mar a fhaightear iad.



RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (Ar Lean)

8. Athluacháil Infheistíochtaí

Tá na hinfheistíochtaí ar fad i gcuideachtaí neamhluaite. Nuair is féidir luaitear infheistíochtaí dá leithéid ag an luach cóir. Sainmhínítear luach cóir mar an méid a d'fhéadfaí sócmhainn a mhalartú uirthi idir páirtithe eolacha, toilteanacha in idirbheart fad láimhe.

I gcásanna nach féidir an luach cóir a thomhas go hiontaofa, déantar an infheistíocht a luacháil ag an gcostas mura mbíonn fianaise ann gur bearnaíodh é seo.

9. Luacháil Iasachtaí

Taispeántar iasachtaí ag luach na hiasachta amuigh mura measann an WDC gur laghdaigh creidiúnacht an iasachtaí an oiread sin is go bhfuil amhras tromchúiseach nach féidir an iasacht a ghnóthú. I gcásanna dá leithéid déantar an iasacht a luacháil ag a glanluach inréadaithe ionchais.

10. Gnóthachain agus Caillteanais

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais réadaithe sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais nuair a réadaítear iad.

11. An Clár Forimill Thuaidh

Tionscadal atá sa Chlár Forimill Thuaidh (NPP) leis an earnáil fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt i réigiúin tuaithe. Cuireadh tús leis an Tionscadal um Chlár Forimill Thuaidh (NPP) in 2009 agus tá sé beartaithe leanúint leis ar feadh trí bliana.

Cuireann an tAontas Eorpach (AE) 60% den mhaoiniú ar fáil agus cuireann Coimisiún Forbartha an Iarthair an fuilleach 40% ar fáil. Déanann an WDC na héilimh go díreach thar ceann chomhpháirtíocht níos leithne an tionscadail díreach chuig rúnaíocht chomhlacht NPP-interreg. Roimhe sin deimhníonn rialtóir náisiúnta céadleibhéil na costais i gcomhair comhlíonadh agus a luaithe is a bheidh deimhniú caiteachais eisithe ag an gcomhlacht seo déanann rúnaíocht an NPP an t-éileamh a chomhdhlúthú agus a phróiseáil. Déantar éilimh a sceidealú gach sé mhí, ach tugadh faoi deara gurb é dhá mhí dhéag go hocht mhí dhéag aga tionscanta próiseála an NPP.

Mar chuid den phróiseas sin tá WDC faoi réir iniúchadh tréimhsiúil ag an AE.

Aithnítear ioncam ar bhonn cuntas infhála.

12. Aitheantas na nGnóthachan agus na gCaillteanas ar Infheistíochtaí agus Iasachtaí

Aithnítear gnóthachain agus caillteanas a réadaíodh mar thoradh ar dhíolachán infheistíochtaí, aisíocaíocht iasachtaí (nó díscríobh infheistíochtaí) i gCuntas Ioncaim agus Caiteachais WIF nuair a thabhaítear iad.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanas nár réadaíodh mar thoradh ar athruithe ar luacháil infheistíochtaí agus iasachtaí mar seo a leanas. Sa chás go bhfuil an WDC den tuairim gur thit luach infheistíochta faoin luach tugtha anonn, cruthaítear soláthar agus gearrtar é ar an gcuntas ioncaim agus Caiteachais. Aithnítear gnóthachain nár réadaíodh i ngeall ar athluacháil infheistíochta sa chuntas ioncaim agus Caiteachais sa chás inar féidir luach cóir na hinfheistíochta a mheas go hiontaofa.

13. Táillí Socraíochta agus Bainistíochta

Aithnítear agus coimeádtar na táillí a fhaightear i gCiste Infheistíochta an Iarthair. Cuirtear forchostais a bhaineann le feidhmiú Chiste Infheistíochta an Iarthair de mhuirear ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an Choimisiúin.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 3¹ NOLLAIG 2012


COIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR	NÓTA	2012 €	2012 €	2011 €	2011 €
IONCAM					
Deontas Oireachtais	1a	1,352,638		1,422,558	
Ioncam eile	1b	184,062		30,442	
Aistriú chuig Ciste Infheistíochta an Iarthair		0		0	
Aistriú chuig NPP		(150,935)		(231,000)	
Aistriú ó/(chuig) an gCuntas Caipitil	8	1,753		1,038	
Glanmhaoiniú larchurtha le haghaidh Pinsean	10	267,000		285,000	
			1,654,518		1,508,038
CAITEACHAS					
COSTAIS OIBRIÚCHÁIN	2a		(1,768,937)		1,390,230)
Barrachas/(Easnamh) don bhliain			(114,419)		117,808
Barrachas/(Easnamh) ag tús na bliana			335,284		217,476
Barrachas/(Easnamh) ag deireadh na bliana			220,865		335,284

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1-12.

Paddy McGuinness:
Cathaoirleach



Ian Brannigan
Comhalta an Choimisiúin




CISTE INFHEISTÍOCHTA AN IARTHAIR - CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 3^I NOLLAIG 2012


CISTE INFHEISTÍOCHTA AN IARTHAIR (WIF)	NÓTA	2012 €	2012 €	2011 €	2011 €
IONCAM					
Aistriú ón gCoimisiún		0		0	
Ús tuillte ar thaiscí		115,234		46,862	
Toradh ar Chiste Infheistíochta & Gnóthachain/Caillteanais tar éis Scoir		356,646		(2,873,374)	
Táillí Socraíochta/Bainistíochta		<u>36,593</u>		<u>55,982</u>	
			508,473		(2,770,530)
LAGHDÚ/(MÉADÚ) AR SOLÁTHAR I LEITH ATHLUACHÁIL INFHEISTÍOCHTA			<u>1,005,611</u>		<u>2,749,609</u>
Barrachas/(Easnamh) ar an gCiste don bhliain			1,514,084		(20,921)
Barrachas/(Easnamh) ar an gCiste ag tús na bliana			<u>21,425,875</u>		<u>21,446,796</u>
Barrachas/(Easnamh) ar an gCiste ag deireadh na bliana			<u><u>22,939,959</u></u>		<u><u>21,425,875</u></u>

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1-12.

Paddy McGuinness:
Cathaoirleach



Ian Brannigan
Comhalta an Choimisiúin




AN CLÁR FORIMILL THUaidH CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHliain DAR CHRíoch AN 3^I NOLLAIG 2012


AN CLÁR FORIMILL THUaidH (NPP)	NÓTA	2012 €	2012 €	2011 €	2011 €
IONCAM					
Aistriú ón gCoimisiún		150,935		231,000	
Deontas an AE		<u>166,691</u>		<u>465,463</u>	
			317,626		696,463
CAITEACHAS	2b		<u>(369,463)</u>		<u>(650,968)</u>
Méadú/(Laghdú) ar NPP			(51,837)		45,495
Iarmhéid an chláir ag tús na bliana		<u>83</u>		<u>37</u>	
Iarmhéid an chláir ag deireadh na bliana			<u>31,269</u>		<u>83,106</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1-12.

Paddy McGuinness:
Cathaoirleach



Ian Brannigan
Comhalta an Choimisiúin




RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA


	2012 €	2011 €
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	(114,419)	117,808
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ag eascairt as dliteanais na Scéime	267,000	185,000
Caillteanais ag eascairt de bharr athruithe ar thoimhdí	0	0
Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha ar dhliteanais phinsin	267,000	185,000
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha pinsin	(267,000)	(185,000)
Gnóthachain/(caillteanais) aitheanta iomlána don bhliain	(114,419)	117,808

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1-12.

Paddy McGuinness:
Cathaoirleach



Ian Brannigan
Comhalta an Choimisiúin



CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 3¹ NOLLAIG 2012


	NÓTA	2012 €	2011 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Sócmhainní Inláimhsithe	4	11,393	13,145
SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS	5	22,939,959	21,425,875
		<u>22,951,352</u>	<u>21,439,020</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Cuntas Reatha Bainc		342,837	282,695
Féichiúnaithe	6	247,727	263,603
		<u>590,564</u>	<u>546,298</u>
DLITEANAIS REATHA			
Creidiúnaithe	7	(338,431)	(127,908)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		<u>252,133</u>	<u>418,390</u>
Sócmhainní Iomlána líude Dliteanaís Reatha roimh Phinsin		23,203,485	21,857,410
Maoiniú larchurtha Pinsin		2,100,000	2,100,000
Dlitéanaís Phinsin		(2,100,000)	(2,100,000)
Sócmhainní Iomlána líude Dlitéanaís Reatha		<u><u>23,203,485</u></u>	<u><u>21,857,410</u></u>
ARNA MHAOINIÚ AG:			
Ciste Infheistíochta		22,939,959	21,425,875
An Clár Forimill Thuaidh (NPP)		31,269	83,106
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		220,865	335,284
Cuntas Caipitil	8	11,392	13,145
		<u><u>23,203,485</u></u>	<u><u>21,857,410</u></u>

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1-12.

Paddy McGuinness:
Cathaoirleach



Ian Brannigan
Comhalta an Choimisiúin




RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID AMHAIL AN 3^U NOLLAIG 2012

RÉITEACH AN BHARRACHAIS/(EASNAIMH) CHUIG SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN

	2012	2011
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain (lena n-áirítear an NPP)	(166,256)	163,304
Dímheas	9,218	11,387
Caillteanas/(Brabús) ar dhiúscairt sócmhainní	80	100
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	(1,753)	(1,038)
Laghdú/(Méadú) ar Réamhiocaíochtaí	15,876	74,892
Méadú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe agus Fabhruithe	210,523	25,807
(INSREABHADH)/EIS-SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN	67,687	274,452
CAIPITEAL		
Cistí chun sócmhainní seasta a fháil	(7,545)	(10,449)
(INSREABHADH)/EIS-SREABHADH GLAN AIRGID	60,142	264,003

RÉITEACH GLUAISEACHTAÍ IN IARMHÉIDEANNA AIRGID

	2011	GLUAISEACHT	2012
Cuntas Reatha Bainc	282,016	60,812	342,828
Mionairgead	679	(670)	9
	282,695	60,142	342,837

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1a. IONCAM Ó DHEONTAIS	NÓTA	2012 €	2012 €	2011 €	2011 €
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	1,387,075		1,458,317		
Pinsean		(34,437)		(35,759)	
Deontas Oibriúcháin*		1,352,638		1,422,558	
		–	1,352,638	–	1,422,558
Deontas an WIF			0		0
Oireachtas Grants			1,352,638		1,422,558

* Taispeántar an Deontas Oibríochta glan ar ranníocaíochtaí pinsin.

Tá an Deontas Oibríochta Bronntar faoi Vóta Uimh 25 agus íoctar as E7.

1b. IONCAM EILE	NÓTA	2012 €	2012 €	2011 €	2011 €
Ioncam Éagsúla			11,212		2,942
Ranníocaíochtaí le hAigéanrás Volvo					
Liatroim			8,000		0
Maigh Eo			8,000		0
Ros Comáin			8,000		0

Bhí taispeántas ag an gCoimisiún agus ag trí Údarás Comhairle Contae ag Aigéanrás Volvo. Ba ionann costas iomlán an taispeántais agus €29,000. D'íoc na Comhairlí Contae €24,000 san iomlán agus chuir an Coimisiún maoiniú €5000 ar fáil don chuid eile. Áirítear muirear €29,000 (Nóta 2A) le Ráitis Airgeadais an Choimisiúin i dtaca le costais a tabhaíodh. I dtaispeántas Volvo LookWest.ie cuireadh seastán sárthaispeántais i gcroílár fhéile Aigéanrás Volvo ar feadh thréimhse na féile. Ba é an aidhm a bhí leis go mbeadh fáil chost-éifeachtúil ag an líon gnáthóirí rása ba mhó ab fhéidir ag an imeacht idirnáisiúnta seo sa réigiún chun feachtas ar an gcaiteachas sna suíomhanna rannpháirteacha a spreagadh.

Clár Margaíocht Turasóireachta Réigiún an Iarthair

Comhairle Contae Dhún na nGall	30,000	0
Comhairle Contae Liatroma	30,000	0
Comhairle Contae Mhaigh Eo	30,000	0
Comhairle Contae Ros Comáin	30,000	0
Comhairle Buirge Shligigh	14,850	0
Comhairle Contae Shligigh	14,000	0

Ghlac Coimisiún Forbartha an Iarthair agus roinnt Comhairlí Contae páirt i gClár Margaíocht Turasóireachta Réigiún an Iarthair in 2012. Cuimsíodh ciste margaíochta réigiúnaí sa chlár chun contae Dhún na nGall, contae Shligigh, contae Mhaigh Eo, contae Liatroma agus contae Ros Comáin a chur chun cinn i bpríomh-mhargai thar lear. Tá Fáilte Éireann freagrach as an gclár margaíochta a riar. Ghníomhaigh an Coimisiún mar chainéal do ghné maoiniúcháin €150,000 na nÚdarás Áitiúil. Lena chois sin, tá maoiniú €50,000 á chur ar fáil ag an gCoimisiún. Áirítear muirear €200,000 (Nóta 2A) leis na cuntais i dtaca le méideanna atá le hóc le Fáilte Éireann.

Ranníocaíochtaí le Líonra Gnó Réigiún an Iarthair

Dún na nGall	0	5,000
Gaillimh	0	5,000
Maigh Eo	0	5,000
Sligeach	0	5,000
Ros Comáin	0	5,000
Liatroim	0	2,500
	184,062	30,442

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

2a. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN	NÓTA	2012	2011
		€	€
Tuarastail (lena n-áirítear ÁSPC na bhfostóirí)		800,055	712,047
Taisteal agus Cothú – an Fhoireann		72,846	45,732
Costais Phinsin	10C	245,563	274,241
Oiliúint agus Forbairt		8,473	3,045
Caidreamh Poiblí (feachtas LookWest san áireamh)	3,044	11,290	
Táillí Gairmiúla (feachtas LookWest san áireamh)	70,657	68,922	
Táillí Gairmiúla – Ciste Infheistíochta an Iarthair		30,017	14,723
Comhaltaí an Bhoird			
Taisteal agus Cothú	2C	15,114	15,057
Táillí	2C	54,256	54,053
Cruinnithe agus Seimineáir		30,671	21,282
Fochoistí an Bhoird/Painéil Chomhairleacha			
Taisteal agus Cothú		291	993
Priontáil agus Dearadh		31,429	19,702
Speansais Oifige		26,438	19,193
Solas agus Teas		7,235	6,575
Deisiúcháin agus Cothabháil		32,416	38,931
Árachas		6,961	7,155
Táille Iniúchta		10,810	10,810
Cuntasaíocht agus Iniúchadh Inmheánach		13,121	11,500
Fógraíocht, Margaíocht agus Suibscríbhinní		82,666	22,179
(feachtas LookWest agus Aigéanrás Volvo san áireamh)			
Clár Margaíocht Turasóireachta Réigiún an Iarthair		200,000	0
Teileachumarsáid		16,165	17,568
Dímheas	4	9,218	11,387
Speansais Éagsúla		1,411	3,745
Brabús/Caillteanas ar Dhiúscairtí		80	100
		1,768,937	1,390,230

2b. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN - CLÁR FORIMILL THUADH	NÓTA	2012	2011
		€	€
Taisteal agus Cothú – an Fhoireann		19,215	18,364
Taisteal agus Cothú – an Bord		91	212
Taisteal agus Cothú – an Fochoiste		502	0
Táillí Gairmiúla		192,309	307,641
Cruinnithe agus Comhdhálacha		2,225	10,197
Priontáil		1,000	0
Cothabháil TF		923	27
Pánna agus Tuarastail		0	108,000
Cur chun Cinn agus Foilseacháin		63	3,775
Speansais Oifige		1,187	196
Spreagadh an Mhargaidh Áitiúil		40,000	0
Cur Chuige Réigiúnach le hÍocaíochtaí Comhpháirtithe i leith Réiteach Fuinnimh In-athnuaite a Spreagadh		111,948	202,556
		369,463	650,968

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

2c. TÁILLÍ AGUS SPEANSAIS CHOMHALTAÍ AN BHOIRD	2012 Táillí €	2012 Taisteal & Cothú €	2011 Táillí €	2011 Taisteal & Cothú €
An tOllamh Séamus Caulfield	0	0	499	171
An tUasal Jim Devenney	5,985	1,301	5,611	1,472
An tUasal Mary Devine O'Callaghan	5,985	238	5,611	183
An tUasal Michael Farrell	0	0	748	684
An tUasal Pat Gilmore	0	0	499	76
An Comh. Mary Hoade	5,985	1,903	5,611	1,790
An tUasal Jackie Maguire	0	635	0	669
An tUasal Martina Minogue	5,985	1,633	5,611	1,078
An tUasal Diarmaid Mulcahy	0	0	499	0
An tUasal Paraic O Caomhanaigh	0	0	499	114
An tUasal Helen Rochford Brennan	4,489	917	8,417	2,232
An Dr Katie Sweeney	0	1,725	0	1,022
An tUasal Neville Bagnall	5,985	0	5,112	0
An tUasal Pádraig Ó hAoláin	1,406	135	5,112	1,056
An Dr Seosamh Ó Ceallaigh	5,985	2,887	0	1,705
An tUasal Gerry O'Connor	5,985	0	5,112	373
An tUasal Vincent Roche	5,985	3,416	5,112	1,132
An tUasal Paddy McGuinness	481	0	0	0
	54,256	14,790	54,053	13,757

Tabhaíodh €324 (2011:€1,300) eile i speansais an Bhoird maidir le comhdhálacha a óstáil agus táillí lena mbaineann.

2d. TUARASTAL AN PHRÍOMHOIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN 2012

Socraítear scála tuarastail an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ag leibhéal an Phríomhoifigigh (Ard) sa Státseirbhís. Ní oibríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair scéim dhámhachtaí i gcoibhneas le feidhmíocht agus áirítear sochar aoisliúntais sa scála tuarastail. Níor íocadh aon íocaíochtaí bónaís leis na Príomhoifigigh Feidhmiúcháin.

	2012 Tuarastail €	2012 Taisteal & Cothú €	2011 Tuarastail €	2011 Taisteal & Cothú €
An tUasal Ian Brannigan <i>(Príomhoifigeach Feidhmiúcháin gníomhach & Bainisteoir Forbartha Réigiúnaí)</i>	85,172	12,766	27,535	3,789
An tUasal Gillian Buckley <i>(Príomhoifigeach Feidhmiúcháin gníomhach agus Bainisteoir Infheistíochta)</i>	0	0	35,982	1,863

D'éirigh Gillian Buckley as a bheith ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Choimisiún Forbartha an Iarthair an 31 Lúnasa 2011. Is comhaltaí de scéim aoisliúntais Choimisiún Forbartha an Iarthair iad Ian Brannigan agus Gillian Buckley agus ní sháraíonn a gcuid teidlíochtaí pinsin na gnáth-theidlíochtaí i scéim aoisliúntais le sochar sainithe na hearnála poiblí.

2e. TOBHACH PINSIN

In 2012 baineadh €44,853 ó bhaill foirne chun íoc as an tobhach pinsin (2011: €41,721) agus íocadh an tsuim sin leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

3. ÁITRIBH

Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair lonnaithe i dTeach Dillon, foirgneamh le Comhairle Contae Ros Comáin agus atá faoi bhainistíocht Oifig na nOibreacha Poiblí. Ní áirítear foráil a bith sna cuntais maidir le cíos.

4. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	2012 €	2011 €
Costas/Luacháil amhail an 1 Eanáir	164,446	162,996
Breiseanna sa Bhliain	7,545	10,449
Diúscairtí	(9,954)	(8,999)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	150,565	164,446
Dímheas Carntha	151,301	148,813
Muirear don tréimhse	9,218	11,387
Diúscairtí	(9,954)	(8,899)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	150,565	151,301
Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig	11,393	13,145

Is éard atá i Sócmhainní Seasta Daingneáin agus Feistis, Glanluach Leabhar €3,310 (2011: €4,750) agus Trealamh Ríomhaire, Glanluach Leabhar €8,083 (2011: €8,395)

5a. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

	NÓTA	2012 €	2011 €
Infheistíochtaí Cothromais	5b	11,812,738	9,802,843
Iasachtaí	5b	7,132,178	7,260,165
Iarmhéid Baint ag eascairt ó mhuirir ioncam Táillí		223,205	186,612
Iarmhéid Baint ar fáil le haghaidh athinfheistíochta		3,771,838	4,176,255
		22,939,959	21,425,875

5b. INFHEISTÍOCHTAÍ COTHROMAIS AGUS IASACHTAÍ

	2012 €	2011 €
Costas		
Luach Tosaigh amhail an 1 Eanáir	22,561,649	28,887,434
Breiseanna	1,433,535	684,882
Diúscairtí/Aisíocaíochtaí/Díscríobh	(557,239)	(7,010,667)
Costas Deiridh amhail an 31 Nollaig	23,437,945	22,561,649
Soláthar le haghaidh Laghdú ar Luach/Athluachálacha		
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir	5,498,640	8,248,251
Gluaiseacht i Soláthar/Athluachálacha	(1,005,611)	(2,749,611)
Iarmhéid Deiridh	4,493,029	5,498,640
Luacháil Deiridh amhail an 31 Nollaig	18,944,916	17,063,009
Cothromas	11,812,738	9,802,843
Iasachtaí	7,132,178	7,260,165
	18,944,916	17,063,009

San áireamh san fhiigiúr €11,812,738 i gcomhair Infheistíochtaí Cothromais, tá €4,620,101 d'infheistíochtaí a luacháladh ag an luach cóir. Is iad na fiigiúirí inchomparáide in 2011 €9,802,843 agus €1,994,700 faoi seach. Rinneadh na fiigiúirí inchomparáide maidir leis an Toradh ar Chiste Infheistíochta agus Gnóthachain/Caillteanas tar éis scoir agus Laghdú/(Méadú) ar an Soláthar i leith Athluacháil Infheistíochta ar leathanach 11 a athaicmiú. Níl raibh tionchar foriomlán ar bith ar na ráitis airgeadais.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

6. FÉICHIÚNAITHE

	2012 €	2011 €
Réamhíocaíochtaí	8,097	3,560
Féichiúnaithe	48,000	15,000
Deontas NPP Infhaighte	191,630	245,043
	<u>247,727</u>	<u>263,603</u>

7. CREIDIÚNAITHE

	2012 €	2011 €
Fabhruithe	338,431	127,906
	<u>338,431</u>	<u>127,906</u>

8. CUNTAS CAIPITIL

	2012 €	2012 €	2011 €	2011 €
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		13,145		14,183
Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:				
Cistí leithdháilte le Sócmhainní Seasta a fháil	7,545		10,449	
Suim a scaoileadh ar dhiúscairt	(80)		(100)	
Méid amúchta de réir dímhéas sócmhainne	<u>(9,218)</u>		<u>(11,387)</u>	
		(1,753)		(1,038)
		<u>11,392</u>		<u>13,145</u>

Rinne an Coimisiún €7,545 (2011:€10,449) sa bhreis a leithdháileadh d'fhonn breiseanna Caipitiúla a fháil.

9. CEANGALTAIS AMACH ANSEO – WIF

	2012	2011
Ceangaltais Tosaigh	1,105,266	304,631
Ceaduithe	2,382,551	1,485,517
Dídhílsiú	(147,348)	0
Íocaíochtaí Amach	<u>(1,433,536)</u>	<u>(684,882)</u>
Ceangaltais Deiridh	<u>1,906,933</u>	<u>1,105,266</u>



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

10. COSTAIS PHINSIN

a) Scéim Phinsin

Baineann scéimeanna sainithe sochair aoisliúntais le baill foirne Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC). Déantar sochair a mhaoiniú ar bhonn “íoc mar a úsáidtear” agus ní choinnítear aon sócmhainní i leith dhliteanais fhabhráithe phinsin bhaill foirne an WDC.

Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach na ndlíteanas i leith bhaill foirne an WDC amhail an 31 Nollaig 2012. Thug achtúire cáilithe neamhspleách faoin luacháil seo ar mhaithe leis an gcaighdeán cuntasáíochta, **Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimhir 17 – Sochair Scoir** (FRS 17).

I measc na bpríomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh bhí:

	2012	2011
Ráta Lascaíne	5.50%	5.50%
Ráta Ionchais an Mhéadaithe ar Thuarastal	4.00%	4.00%
Ráta an méadaithe ar íocaíocht pinsin	4.00%	4.00%
Boilsciú	2.00%	2.00%

b) Glanmhaoiniú larchurtha um Pinsin sa bhliain

	2012 €	2011 €
Maoiniú inghnóthaithe maidir le costais phinsin na bliana Costais	280,000	310,000
Deontas Stáit a caitheadh le pinsinéirí a íoc	(€13,000)	(€25,000)
	<u>267,000</u>	<u>285,000</u>

c) Anailís ar chostais iomlána phinsin a mhuirearaítear ar chaiteachas

	2012 €	2011 €
Costais Reatha Seirbhíse	€170,000	€200,000
Ús ar Dhliteanais Scéim Pinsean	€110,000	€110,000
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(€34,437)	(€35,759)
Muirear Iomlán Oibriúcháin	<u>€245,563</u>	<u>€274,241</u>

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

e) Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin le linn na bliana airgeadais

	2012 €	2012 €	2011 €
Glandliteanas Scéime Pinsean amhail an 1 Eanáir	2,100,000	2,000,000	1,900,000
Costas reatha seirbhíse	170,000	200,000	190,000
Costas úis	110,000	110,000	100,000
Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach	(267,000)	(185,000)	(181,000)
Sochair a íocadh sa bhliain	(13,000)	(25,000)	(9,000)
GLANDLITEANAS PINSIN AMHAIL AN 31 NOLLAIG	2,100,000	2,100,000	2,000,000

f) Stair na ndliteanas scéime agus caillteanais/(gnóthachain)

	2012 €	2011 €	2010 €	2009 €
Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig				
Suim	€2,100,000	€2,100,000	€2,000,000	€1,900,000
Experience Losses/(Gains) on Scheme Liabilities				
Suim	(€267,000)	(€185,000)	(€181,000)	€20,000
Céatadán luacha láithrigh na ndliteanas scéime	(13%)	(9%)	(9%)	1%
An tsuim iomlán aitheanta sa Ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána				
Léiríonn an maoiniú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo	(€267,000)	(€185,000)	(€181,000)	€118,000
Céatadán luacha láithrigh na ndliteanas scéime	(13%)	(9%)	(9%)	6%

g) Meánionchas saoil de réir na dtáblaí básmhaireachta a úsáidtear leis na dliteanais phinsin a shocrú

	2012 €	2011 €
Meánionchas saoil a úsáidtear le dliteanais a shocrú		
Fear in aois 65	22	22
Bean in aois 65	25	25




11. LEASANNA CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN

Ghlac an Coimisiún nósanna imeachta de réir an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit i ndáil le nochtheadh leasanna ag comhaltaí an Choimisiúin, agus cloíodh leis na nósanna imeachta le linn na bliana.

12. CEADÚ AN BHOIRD

Cheadaigh Bord Choimisiún Forbartha an Iarthair na Ráitis Airgeadais seo an 26 Márta 2013.





GIORRÚCHÁIN

CER	An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
CSO	An Phríomh-Oifig Staidrimh
FAP	Painéal Comhairleach an Chiste
FTE	Coibhéis Lánaimseartha
ICT	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
INTERREG	Tionscnamh an Aontais Eorpaigh le haghaidh comhoibriú trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach
IWAK	Aerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire
NDP	An Plean Forbartha Náisiúnta
NIRSA	An Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil
NSS	Straitéis Spáis Náisiúnta
RASLRES	Cur Chuige Réigiúnach le Réitigh Fuinnimh In-athnuaite a Spreagadh
RDP	Athbheithniú ar an gClár um Fhorbairt Tuaithe
SMEs	Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide
WDC	Coimisiún Forbartha an Iarthair







Coimisiún Forbartha an Iarthair
Teach Diolúin, Bealach an Doirín,
Contae Ros Comáin, Éire.

Guthán: +353 (0) 94 9861441

Facs: +353 (0) 94 9861443

Ríomhphost: info@wdc.ie

Suíomhanna Gréasáin: www.wdc.ie www.LookWest.ie